# An Plean Náisiúnta **um Chothromas Teachta** ar Ardoideachais, 2015-2019




EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

HEA
HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

"Tá neart le baint amach againn mar thír, gan rud ar bith le cailleadh againn trí leibhéil rannpháirtíochta ardoideachais shaoránaigh uile na hÉireann a mhéadú"

ISBN: 1-905135-47-5
Nollaig 2015



# RÉAMHRÁ

Is tosaíocht náisiúnta é cothromas rochtana ar ardoideachas ag mo Roinn-se agus ag an Rialtas, agus cuirim fáilte mar Aire Oideachais agus Scileanna roimh fhoilsiú an *Phlean Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas, 2015–2019* as an tiomantas láidir agus soiléir d'athrú dearfach sóisialta agus do dhul i ngleic le héagothroime inár sochaí a léSeans níos fearr go bhfaighidh siad post níos fearr, sásamh poist agus ionchais dul chun cinn gairme níos fearr – seo cuid de na príomhthairbhí a bhaineann le hardoideachas, agus is teachtaireacht é is gá dúinn a chur in iúl go soiléir agus go héifeachtachíríonn sé.

Tá neart le baint amach againn mar thír, gan rud ar bith le cailleadh againn trí leibhéil rannpháirtíochta ardoideachais shaoránaigh uile na hÉireann a mhéadú. Tá ciall leis go sóisialta agus go heacnamaíoch; agus ó thaobh polasaí de, tá sé mar chuid lárnach den *Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030* agus den *Chreat Feidhmíochta Córas Ardoideachais* ag an Roinn. Tairgeann an *Plean Náisiúnta Rochtana* deis dúinn anois beocht a chur inár dtiomantas do rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú i ngrúpaí agus pobail a bhí faoi ghannionadaíocht go dtí seo agus an tiomantas sin a athnuachan - go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta, mic léinn lánfhásta, daoine faoi mhíchumas agus Lucht Siúil na hÉireann.

Tá a fhios againn gur gá dúinn *tosú go luath* agus *tosú go háitiúil* chun cuimsiú sóisialta a bhaint amach. Ciallaíonn tosú go luath go gcuirfimid na bloicíní tógála síos chomh luath agus is féidir sa timthriall oideachais. Ciallaíonn tosú go háitiúil gur gá dúinn bealaí a fháil chun pobail a chur san áireamh ar mhaithe lena dtodhchaí oideachais féin a chruthú. Agus is gá dúinn conairí soiléire a chruthú chomh maith idir na leibhéil éagsúla oideachais – i gcomhthéacs an Phlean seo, ciallaíonn sé sin conairí idir breisoideachas agus ardoideachas go háirithe.

Molann an *Plean Náisiúnta Rochtana* seo gníomhú a fhorbróidh tionscnaimh chomhpháirtíochta áitiúla (a mbeidh páirtithe leasmhara oideachais, rialtais agus eile páirteach iontu) i spriocphobail ina bhfuil na leibhéil rannpháirtíochta agus gnóthachtála oideachais íseal go fóill. Agus a leithéid á dhéanamh, tairgeann an Plean bunús dúinn le gnóthachain níos fadtéarmaí a bhaint amach ó thaobh comhdheise do shaoránaigh – ó thaobh rochtana ar ardoideachas agus poist inbhuanaithe de araon.

Is tráthúil an rud é foilsiú an *Phlean Náisiúnta Rochtana* anois ós rud é go bhfuil obair ar siúl ag an nGrúpa Saineolach ar Mhaoiniú Ardoideachais Amach Anseo chun creat a fhorbairt le haghaidh maoiniú inbhuanaithe an ardoideachais. Tá a fhios agam gur mian leis an nGrúpa Saineolach a chinntiú go dtacóidh an creat maoiniúcháin le cuspóirí an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo, agus go gcosnóidh, go gcothóidh agus go gcuirfidh sé cothromas rochtana ar ardoideachas ar fáil dár saoránaigh go léir.

**Jan O'Sullivan, T.D.**
**An tAire Oideachais agus Scileanna**

Is tosaíocht náisiúnta é comhdheiseanna san ardoideachas a chur chun cinn agus tá sé seo mar chuid bhunúsach de ról an Údaráis um Ard-Oideachas (UAO) ó bunaíodh é ag tús na 1970idí.

# BROLLACH

Is tosaíocht náisiúnta é comhdheiseanna san ardoideachas a chur chun cinn agus tá sé seo mar chuid bhunúsach de ról an Údaráis um Ard-Oideachas (UAO) ó bunaíodh é ag tús na 1970idí. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn san am sin ar fud na hearnála oideachais in Éirinn, ach tá grúpaí inár sochaí go fóill atá go mór faoi ghannionadaíocht san ardoideachas. Caithfear dul i ngleic leis an éagothroime shóisialta seo agus tá an *Plean Náisiúnta Rochtana* seo dírithe ar athrú ceart inbhuanaithe a bhaint amach.


Tá biseach mór tagtha ar chás na hÉireann ó tháinig an ghéarchéim eacnamaíochta ar an saol le blianta beag anuas. Má tá sé seo le bheith inbhuanaithe, áfach, beidh gá le tuilleadh céimithe chun an saineolas agus na scileanna a bheidh de dhíth i réimsí ríthábhachtacha dár ngeilleagar a chur ar fáil. Caithfimid a chinntiú ar chúiseanna eacnamaíocha agus sóisialta go spreagtar tallann ó gach cuid den tsochaí. Cuireann an *Plean Náisiúnta Rochtana* seo creat gníomhartha ar fáil dúinn a chuirfidh scileanna agus tallanna daoine ó ghrúpaí inár sochaí nár éirigh leo teacht ar ardoideachas go dtí seo ar fáil, sna cúig bliana amach romhainn.

Tá cur i bhfeidhm an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo mar dhlúthchuid de na leasuithe uileghabhálacha agus athruithe tírdhreacha atá ag tarlú inár gcóras ardoideachais mar chuid de chur i bhfeidhm na *Straitéise Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030*. Tá tábhacht ar leith le hobair na mbraislí réigiúnacha institiúidí ardoideachais i léarscáiliú agus forbairt conairí go hardoideachas. Tá suntas ollmhór ag baint leis seo, agus tacóidh sé, i gcomhar leis an *bPlean Náisiúnta Rochtana* seo, le roghanna níos fearr agus deiseanna níos mó do na mílte mac léinn amach anseo.

Príomhthéama den Phlean seo ná an chaoi a mbaineann teacht ar ardoideachas le gach duine againn anois. D'éirigh linn tairbhe mhaith a bhaint as an gcéim cheannródaíoch oibre agus leanfar de sin. Chomh maith leis sin, agus le freastal ar riachtanais líon mac léinn níos ilghnéithí, tá gá anois le bealaí cuir chuige níos straitéisí agus níos iomlánaíche. Caithfidh an misean teachta a bheith comhtháite go hiomlán ar fud na ndámh agus na réimsí oibre go léir sna hinstitiúidí, agus cabhróidh sé seo linn eispéireas feabhsaithe agus toradh níos fearr a bhaint amach do gach mac léinn a ghabhann d'ardoideachas.

Tá mé ag súil le spriocanna agus cuspóirí an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo a fheiceáil á léiriú i bpleananna straitéiseacha institiúideacha agus i monatóireacht feidhmíochta gach institiúide agus braisle réigiúnaí mar chuid de phróisis idirphlé straitéisigh agus maoinithe feidhmíochta an Údaráis um Ardoideachas.

Thar ceann Bhord agus Fheidhmeannas an Údaráis um Ardoideachas, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna tar éis dóibh obair a dhéanamh i gcomhar leis an Údarás um Ardoideachas chun an *Plean Náisiúnta Rochtana* seo a fhorbairt. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis na páirtithe leasmhara éagsúla a chabhraigh le forbairt an Phlean seo, go háirithe na daoine siúd a rinne aighneachtaí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin agus iad siúd a bhuail linn agus a chuir a gcuid comhairle agus taithí ar fáil go fial. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil chomh maith le baill an Ghrúpa Chomhairligh den Oifig Náisiúnta Polasaí Rochtana as a dtreoir ar fhorbairt an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo agus as a dtacaíocht leanúnach d'obair an Údaráis um Ardoideachas sa phríomhréimse tosaíochta seo.



**John Hennessy**
**Cathaoirleach, An tÚdarás um Ard-Oideachas**

# CLÁR NA NÁBHAR


**1. Tús Eolais: cothromas teachta ar ardoideachas do na saoránaigh go léir** 5

**2. Cur chuig forbairt an *Phlean Náisiúnta Rochtana*** 8
2.1 Sonraí a bhailiú agus a anailísiú 10
2.2 Comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara 11
2.3 Forbairt an *Phlean Náisiúnta Rochtana* nua 11

**3. Comhthéacs polasaí** 12
3.1 Cothromas teachta mar thosaíocht náisiúnta 14
3.2 Na prionsabail a chuireann leis an *bPlean Náisiúnta Rochtana* 16

**4. Spriocanna tosaíochta an *Phlean Náisiúnta Rochtana*** 22
4.1 Sprioc 1: Sruthlíniú a dhéanamh ar sholáthar cothromas teachta sna hInstitiúidí Ardoideachais 25
4.2 Sprioc 2: Measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtionscnamh atá ann faoi láthair le tacú le teacht cothrom ar ardoideachas 27
4.3 Sprioc 3: Sonraí agus fianaise chruinn a bhailiú ar theacht agus rannpháirtíocht agus an polasaí a bhunú ar an méid a chuireann na sonraí sin in iúl dúinn 28
4.4 Sprioc 4: Conairí comhleanúnacha a fhorbairt ó bhreisoideachas agus bealaí iontrála eile go hardoideachas a chothú 30
4.5 Sprioc 5: Straitéisí comhpháirtíochta réigiúnacha agus pobail a fhorbairt le haghaidh teacht méadaithe ar ardoideachas, le béim ar leith ar mheantóireacht 31

**5. Spriocanna le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe: 2015–2019** 32
5.1 Na grúpaí faoi ghannionadaíocht atá mar sprioc 34
5.2 Rannpháirtíocht san ardoideachas ag daoine faoi mhíbhuntáiste constaicí socheacnamaíocha 35
5.3 Rannpháirtíocht mic léinn lánfhásta 'céaduaire' san ardoideachas 35
5.4 Rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas san ardoideachas 36
5.5 Rannpháirtíocht in ardoideachas páirtaimseartha/solúbtha 36
5.6 Sealbhóirí cáilíochtaí breiseoideachais ag dul ar aghaidh go hardoideachas 36
5.7 Rannpháirtíocht Lucht Siúil na hÉireann san ardoideachas 37
5.8 Táscairí breise 37

**6. Measúnacht agus tomhas** 38
6.1 Idirphlé straitéiseach – príomh-mheicníocht le haghaidh athbhreithniú ar fheidhmíocht IA maidir le cothromas teachta 40

**Aguisín A: Táblaí agus cairteacha sonraí** 41
A.1 Rátaí measta rannpháirtíochta náisiúnta faoi láthair (gach spriocghrúpa) 42
A.2 Cúlra socheacnamaíoch iontrálaithe nua in ardoideachas in 2011 (18–20 bliain d'aois) 43
A.3 Rannpháirtíocht de réir ceantar geografach 44
A.4 Mic léinn lánfhásta (iontrálaithe nua) 46
A.5 Mic léinn faoi mhíchumas 46
A.6 Foghlaimeoirí páirtaimseartha agus solúbtha 47
A.7 Iontrálaithe breisoideachais 48
A.8 Cé na hábhair ar a ndéanann mic léinn ó na spriocghrúpaí staidéar? 49

**Aguisín B: Próiseas Comhairliúcháin** 50
Daoine agus eagraíochtaí óna bhfuaireamar aighneachtaí 51
Eagraíochtaí ar bhuaileamar leo mar chuid den phróiseas comhairliúcháin 52
Aguisín C: Gluais téarmaí 53




# 1

# TÚS EOLAIS: COTHROMAS TEACHTA AR ARDOIDEACHAS DO NA SAORÁNAIGH GO LÉIR

# 1. Tús Eolais: cothromas teachta ar ardoideachas do na saoránaigh go léir

Is bunphrionsabal é cothromas teachta ar ardoideachas de pholasaí oideachais na hÉireann, agus tá sé formhuinithe ag rialtais éagsúla as a chéile i ráitis agus gealltanais pholasaí le tríocha bliain anuas. Aithníodh cothromas teachta mar phríomhchuspóir náisiúnta le haghaidh an chórais ardoideachais le déanaí sa *Chreat Feidhmíochta Córas Ardoideachais (CFC), 2014–2016* de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Leagann an *Creat Feidhmíochta Córais* réimse táscairí córais ardleibhéil amach chun measúnú agus tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais ardoideachais sa réimse tosaíochta seo. Is é ceann amháin de phríomhchuspóirí an CFC go háirithe ná 'teacht do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn agus conairí comhleanúnacha a chur i bhfeidhm ó mheánscolaíocht, ó bhreisoideachas agus ó bhealaí teachta neamhthraidisiúnta eile'.[1]

San Eoraip, leagann Próiseas Bologna[2] béim ar an gcuspóir atá ann an tiomáint ar son cuimsiú sóisialta a neartú agus a chinntiú go mbeidh sciar níos mó den tsochaí iomlán páirteach san ardoideachas – fir agus mná, lucht cathrach agus tuaithe, agus daoine de na grúpaí socheacnamaíocha go léir san áireamh.

Tá oibriú i dtreo cothromas teachta mar thosaíocht ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) chomh maith agus i measc na bhfeidhmeanna reachtúla atá ag an ÚAO ó bunaíodh é, tá 'cur chun cinn gnóthachtála comhdheise san ardoideachas'.[3]

Tá an fhís lena aghaidh seo *An Plean Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas* i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí Rialtais, an Údaráis um Ard-Oideachas agus na hEorpa agus luaitear go simplí é mar seo a leanas:

***Cinntiú go léiríonn na mic léinn a ghabhann do agus a chríochnaíonn ardoideachas ag gach leibhéal ilghnéitheacht agus meascán sóisialta dhaonra na hÉireann.***

Leagann an *Plean Náisiúnta seo um Chothromas Teachta ar Ardoideachas* (rud a ndéanfar tagairt dó as seo amach mar an b*Plean Náisiúnta Teachta*) amach na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha atá dírithe ar an bhfís seo a bhaint amach i rith na tréimhse 2015–2019.

1 An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014), *Creat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais, 2014–2016*, lch. 5.
2 Is sraith comhaontuithe é Próiseas Bologna a bhí conraithe ag airí atá freagrach as ardoideachas i 47 tír, agus é ceaptha chun Limistéar Ardoideachais Eorpach a chruthú, lena n-áirítear gealltanais díriú ar an ngné shóisialta den ardoideachas.
3 Rialtas na hÉireann (1971), *An tAcht um Ard-Oideachas.*



## AN FHÍS

**CINNTIÚ GO LÉIRÍONN NA MIC LÉINN A GHABHANN DO AGUS A CHRÍOCHNAÍONN ARDOIDEACHAS AG GACH LEIBHÉAL ILGHNÉITHEACHT AGUS MEASCÁN SÓISIALTA DHAONRA NA HÉIREANN.**

# CUR CHUIG FORBAIRT AN *PHLEAN NÁISIÚNTA ROCHTANA*

# 2. Cur chuig forbairt an *Phlean Náisiúnta Rochtana*

Cuireadh tús le próiseas forbartha an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo in 2013 nuair a bhí an plean a bhí ann cheana (an *Plean Náisiúnta Teachta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas, 2008–2013*) ag teacht chun deiridh. Chuimsigh an cur chuige a leanadh i bhforbairt an Phlean na céimeanna seo a leanas:

1 Bailiú sonraí chun figiúirí a fháil faoi theacht ar agus rannpháirtíocht san ardoideachas; agus anailís ar na sonraí maidir le teacht agus rannpháirtíocht.

2 Comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara san ardoideachas agus sa phobal i gcoitinne; agus anailís ar thorthaí an phróisis chomhairliúcháin.

3 Forbairt an *Phlean Náisiúnta Rochtana.*

Déantar cur síos ar gach ceann de na céimeanna seo as a chéile.

## 2.1 Sonraí a bhailiú agus a anailísiú

› Sular fhorbraíomar an *Plean Náisiúnta Rochtana* seo, chinneamar ar leibhéil rannpháirtíochta daoine ó chúlraí éagsúla socheacnamaíocha agus ó chontaetha difriúla san ardoideachas a fháil amach. Lorgaíomar sonraí ar rannpháirtíocht ó na spriocghrúpaí náisiúnta seo a leanas go háirithe:

› Mic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha ina bhfuil rátaí ísle rannpháirtíochta go traidisiúnta – mar shampla, féach ar Aguisín A.3.2. chun sonraí a fháil faoi na difríochtaí rannpháirtíochta idir chuid áirithe de phostcheantair Bhaile Átha Cliath

› Mic léinn faoi mhíchumas.

› Mic léinn lánfhásta.

Cuireadh na sonraí mionsonraithe seo i láthair sa pháipéar comhairliúcháin atá mar bhonn agus taca ag an bPlean seo agus tá sé curtha i láthair arís in **Aguisín A**.[4]

### Anailís ar shonraí staidrimh atá cothrom le dáta

Tharraing an anailís ar na sonraí atá cothrom le dáta ceisteanna agus dúshláin nua anuas don ÚAO agus don Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). Léirigh sé go ndearnadh feabhsuithe i gcuid mhaith réimsí, ach dhírigh sí aird chomh maith ar easpa dul chun cinn maidir le cuid de na spriocanna a leagadh amach i bPlean 2008–2013. Tharla sé seo tar éis tréimhse nuair a bhí méaduithe leanúnacha ar theacht ar ardoideachas ó na spriocghrúpaí.[5] Tharraing na sonraí ceisteanna anuas chomh maith maidir leis na bealaí cuir chuige polasaí a bhféadfadh cothromas teachta níos mó ar ardoideachas a bheith mar thoradh orthu. Ina measc seo, bhí:

› Sna ceantair ina bhfuil rátaí ísle rannpháirtíochta san ardoideachas, cé na bearta is féidir a dhéanamh sa phobal chun na rátaí sin a mhéadú?

› Maidir le gach spriocghrúpa, céard é éifeachtacht fhadtéarmach na straitéisí teachta ar baineadh triail astu go dtí seo, agus cé na bealaí cuir chuige nua is gá dúinn a fhorbairt chun dul chun cinn breise a dhéanamh?

› An ndíríonn na straitéisí rochtana atá ann cheana ar na grúpaí is mó atá i ngátar i gcónaí?

› Cé na daoine a bhfuil an tionchar is mó acu ar mhic léinn fhéideartha agus ar a gcinntí ar cé acu an ngabhfaidh nó nach ngabhfaidh siad d'ardoideachas? Agus conas is féidir linn a chinntiú go mbreathnaíonn siad ar rannpháirtíocht san ardoideachas mar rud tábhachtach?

› Cé na roghanna eile oideachais agus oiliúna ba chóir cur le cinntí mac léinn féideartha, agus cén chaoi ar chóir na roghanna seo a chur i láthair?

4 An tÚdarás Ardoideachais (2014), *Páipéar Comhairliúcháin: I dTreo Plean Nua Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas a Fhorbairt.*
5 O'Connell, P., Clancy, D., McCoy, S. (2006), *Cé na Daoine a d'Fhreastail ar Choláiste in 2004?*

## 2.2 Comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara

I bhfianaise na hanailíse ar na sonraí staidrimh agus na ceisteanna a tharraingíonn sí anuas, bhí an ÚAO agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) den tuairim gur chóir an comhairliúchán maidir leis an bPlean seo a shíneadh níos faide ná an earnáil ardoideachais agus grúpaí a oibríonn le pobail atá thíos le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta ina bhfuil na rátaí rannpháirtíochta san ardoideachas íseal a chur san áireamh.

I Lúnasa 2014, ar mhaithe le comhairliúchán níos leithne a éascú, d'fhoilsigh an tÚAO agus an ROS *Páipéar Comhairliúcháin: I dTreo Plean Nua Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas a Fhorbairt.*. Ba é an smaoineamh a bhí sa pháipéar ná go spreagfaí oscailteacht, go n-ardófaí ceisteanna agus go gcruthófaí smaointe nua, agus go dtabharfaí críonnacht agus dearcthaí comhcheangailte na bpáirtithe leasmhara go léir le chéile i gcruthú an chéad *Phlean Náisiúnta Rochtana* eile. Foilsíodh na sonraí agus táscairí feidhmíochta atá cothrom le dáta ar chothromas teachta sa *Pháipéar Comhairliúcháin* agus tugadh cuireadh do gach páirtí leasmhara a dtuairimí a chur in iúl.

### Anailís ar fhreagraí ar an bpróiseas comhairliúcháin

Tugadh cuid mhaith freagraí ar an bpróiseas comhairliúcháin ina bhfuarthas iomlán 58 aighneacht scríofa agus léirigh na páirtithe leasmhara (na daoine siúd san earnáil ardoideachais agus na daoine siúd ó réimsí eile san áireamh) go raibh siad an-toilteanach cur le forbairt an chéad *Phlean Náisiúnta Rochtana* eile. Bhí an tÚdarás um Ardoideachas agus an ROS páirteach chomh maith i roinnt cruinnithe comhairliúcháin le heagraíochtaí pobail agus deonacha, Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus eagraíochtaí eile atá ag obair ar bhealaí nuálaíocha le tacú le cothromas teachta ar ardoideachas. Liostaítear na haighneachtaí a fuarthas agus na heagraíochtaí a bhí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin in Aguisín B.[6]

Is mór ag an Údarás um Ard-Oideachas agus an ROS an méid a rinne na daoine siúd a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin agus na léargais/smaointe luachmhara nua a thug an próiseas chun solais. Tá na príomhphointí a d'eascair ón bpróiseas san áireamh thíos i gCuid 3 den doiciméad seo. Chuir an próiseas comhairliúcháin go mór chomh maith le forbairt spriocanna agus ghníomhartha an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo.

## 2.3 Forbairt an *Phlean Náisiúnta Rochtana* nua

Tar éis do na céimeanna atá mínithe thuas a bheith críochnaithe agus anailís a bheith déanta ar na torthaí, d'fhorbair an tÚdarás um Ardoideachas agus an ROS an *Plean Náisiúnta Rochtana* nua seo. Is é ár dtuairim maidir leis an achar ama atá socraithe dóibh, go bhfuil na spriocanna agus gníomhartha a bhfuil cur síos orthu anseo dúshlánach agus uaillmhianach. Ach tá siad réalaíoch agus insroichte chomh maith agus is bealaí nua nuálaíocha iad le cothromas teachta ar ardoideachas in Éirinn a bhaint amach.

Admhaímid go bhfuil cuid mhaith ceisteanna ann a théann i bhfeidhm ar theacht ar ardoideachas nach féidir dul i ngleic leo taobh istigh den earnáil ardoideachais féin – lena n-áirítear críochnú meánscolaíochta, gnóthachtáil acadúil ag an dara leibhéal, agus uaillmhian/mian oideachais na mac léinn féideartha. Ach mar a thugtar le fios sa Phlean seo, tá cuid mhaith is féidir linn a dhéanamh go fóill. Cuimsíonn an Plean córas láidir measúnachta agus monatóireachta feidhmíochta (rud atá comhtháite le próiseas idirphlé straitéisigh an Údaráis um Ardoideachas); agus cuimsíonn sé forálacha le haghaidh athbhreithniú meántéarma dul chun cinn i gcur i bhfeidhm spriocanna agus gníomhartha chomh maith.

6 Tá aighneachtaí aonair ar fáil le híoslódáil ag www.hea.ie.

# 3

# COMHTHÉACS POLASAÍ

# 3. Comhthéacs polasaí

## 3.1 Cothromas teachta mar thosaíocht náisiúnta

Tá an cuspóir cothromas teachta ar ardoideachas a bhaint amach bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais agus an chuimsithe shóisialta agus is tosaíocht fhadbhunaithe náisiúnta pholasaí é. Ba chóir go mbeadh teacht ag daoine ar ardoideachas, gan beann ar mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch, gnéas, suíomh geografach, míchumas nó imthosca eile.

I gcomhréir lena fheidhmeanna reachtúla, tá tosaíocht leanúnach déanta ag an Údarás um Ard-Oideachas d'fheabhsú a dhéanamh ar theacht cothrom ar ardoideachas agus tá dul chun cinn suntasach déanta le tríocha bliain anuas: tá rannpháirtíocht san ardoideachas tar éis méadú ó thuairim is 20% den chohórt bainteach aoise in 1980, go 44% in 1998 agus go 52% in 2011.[7] Níl an *Plean Náisiúnta Rochtana* seo ag moladh céard iad na leibhéil rannpháirtíochta ardoideachais ba chóir a bheith ann. Ach tá an Plean bunaithe ar an bprionsabal gur chóir go mbeadh sé de dheis ag gach duine páirt a ghlacadh san oideachas iar-mheánscoile agus gur chóir go léireodh líon na n-iontrálaithe nua san ardoideachas an daonra ginearálta go garbh (meascán socheacnamaíoch, stádas míchumais, gnéas, srl.). Tá leibhéil mhéadaithe rannpháirtíochta san ardoideachas agus gnóthachtála oideachais tarlaithe i ngach aon ghrúpa i sochaí na hÉireann – lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumas, mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta (mar atá tomhaiste de réir a ngrúpa shocheacnamaíoch) agus mic léinn lánfhásta. Baineadh na feabhsuithe seo amach trí thiomantas comhcheangailte páirtithe leasmhara ar fud an chórais oideachais:

- Tá obair déanta ag **meánscoileanna** chun rátaí críochnaithe scolaíochta a mhéadú – ó thuairim is 60% ag tús na 1980idí, go 81% in 2002 agus beagnach 91% faoi 2013.
- Tá obair déanta ag **institiúidí ardoideachais** chun bonneagar rochtana a fhorbairt ar mhaithe le mic léinn a mhealladh agus a choinneáil ó na spriocghrúpaí náisiúnta.

### An méid a thugann na sonraí le fios dúinn

Bhí an staidreamh is cothroime le dáta maidir le rochtain agus rannpháirtíocht leagtha amach sa *Pháipéar Comhairliúcháin: I dTreo Plean nua Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas a Fhorbairt*, rud a foilsíodh i Lúnasa 2014 agus tá sé curtha ar fáil arís in **Aguisín A** thíos. Léiríonn sé seo go bhfuil obair le déanamh go fóill le díriú ar easpa rannpháirtíochta grúpaí áirithe, cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh. Tá áiteanna míbhuntáiste oideachais ar fud ár sochaí go fóill agus níl an teacht ar ardoideachas dáilte go cothrom ar ghrúpaí éagsúla de phobal na hÉireann.

- Is é an céatadán rannpháirtíochta i measc na ndaoine siúd ó na **grúpaí socheacnamaíocha leathoilte agus neamhoilte** ná 26%, agus tá rannpháirtíocht iomlán, nach mór, i gceist i measc na ndaoine siúd ón ngrúpa socheacnamaíoch gairmiúil atá níos airde. Agus tá difríochtaí rannpháirtíochta i mBaile Átha Cliath idir phostcheantair – gabhann breis is 99% de dhaoine fásta óga atá 18–20 bliain d'aois i bpostcheantar amháin d'ardoideachas, agus tá an ráta chomh híseal le 15% i gceantar eile (féach ar Aguisín A.3.2).
- Is lú an dóchúlacht go fóill go ngabhfaidh mic léinn a bhfuil míchumas céadfaíoch orthu d'ardoideachas i gcomparáid le mic léinn a bhfuil cineálacha eile míchumais orthu.
- D'fhéadfaí gnóthachtáil ardoideachais a mhéadú i measc **daoine fásta** i gcoitinne agus tá ráta rannpháirtíochta na mac léinn lánfhásta san ardoideachas tar éis méadú; tharla an chuid is mó den mhéadú seo ar bhonn páirtaimseartha nó solúbtha.
- Ní ghlacann mórán de **Lucht Siúil na hÉireann** páirt in ardoideachas go fóill i gcomparáid le grúpaí eile.
- Tá foghrúpaí chomh maith i measc na spriocghrúpaí náisiúnta a mbíonn deacrachtaí acu le páirt a ghlacadh in ardoideachas agus a mbíonn tacaíocht ar leith de dhíth orthu – ina measc seo tá **tuismitheoirí aonair, tuismitheoirí atá ina ndéagóirí** agus roinnt daoine ó **mhionlaigh eitneacha**.

7 Athraíonn an cohórt bonnlíne aoise baintí idir na blianta éagsúla.



### Comhthéacsanna polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Tarlaíonn forbairt an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo taobh istigh de chomhthéacs réimse bearta polasaí náisiúnta eile frith-bhochtaineachta agus um chuimsiú sóisialta in Éirinn, amhail:

- *An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007–2016* (An Roinn Coimirce Sóisialaí)
- *An Straitéis Náisiúnta Míchumais* (An Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais)
- *An Plean Gníomhaíochta um Poist* (An Roinn Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta)
- *Straitéis Conairí chun Oibre* (Intreo / An Roinn Coimirce Sóisialaí)
- *Tuarascáil agus Moltaí le haghaidh Straitéis Oideachas don Lucht Siúil* (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
- *Torthaí Níos Fearr, Todhchaithe Níos Fearr: an creat náisiúnta polasaí le haghaidh leanaí agus daoine óga, 2014-2020* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige)

Tá polasaí náisiúnta na hÉireann i gcomhréir le hiarrachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus cuireann cuspóirí straitéis na hEorpa le haghaidh 2020 um bochtaineacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta leis an bpolasaí in Éirinn.[8] Tá tionchar ag Próiseas Bologna chomh maith ar neartú na hiarrachta ar son cuimsiú sóisialta agus le cinntiú go mbíonn páirt níos cothroime ag gach cuid den tsochaí san ardoideachas. Tá Éire ar cheann den líon beag tíortha sa Limistéar Eorpach Ardoideachais a úsáideann bearta spriocdhírithe chun rannpháirtíocht san ardoideachas a mhéadú i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht. Tá Éire ar na tíortha atá ar thús cadhnaíochta chomh maith i mbealaí malartacha iontrála a chur ar fáil agus i gclárú mac léinn nach raibh a dtuismitheoirí páirteach san ardoideachas.[9] I gcodarsnacht leis sin, tá leibhéil rannpháirtíochta réasúnta íseal san ardoideachas againn i measc grúpaí faoi mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch.[10]

### Tairbhí an ardoideachais

Tá cuid mhaith tairbhí ag baint le teacht ar ardoideachas do na daoine a bhíonn ag gabháil dó agus don tsochaí i gcoitinne. Mar shampla, is lú an dóchúlacht go mbeidh céimithe dífhostaithe – fiú i rith na géarchéime eacnamaíche atá á cur dínn againn anois, bhí leath an seans ann go mbeadh céimí dífhostaithe i gcomparáid le duine nach céimí é/í. Agus de réir mar a mhéadaíonn na leibhéil fostaíochta anois in 2015, tá céimithe á bhfostú níos tapúla ná daoine nach céimithe iad. Tá tairbhe tuillimh ann do chéimithe chomh maith – tuilleann fir atá ina gcéimithe 69% níos mó ar an meán ná fir gan ardoideachas, agus is é an figiúr coibhéiseach i gcás na mban ná 90%.[11] Tá cuid mhaith tairbhí neamhairgeadais ag baint le hardoideachas a bheith ag duine chomh maith – ós rud é gur gnách go mbaineann céimithe sásamh níos mó as a bpost, go mbíonn páirt níos mó acu sa tsochaí agus go mbíonn a sláinte níos fearr; agus is mó an dóchúlacht chomh maith go gcuirfidh siad tuiscint don oideachas agus dá thairbhí ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile agus dá bpobail áitiúla.

Chomh maith leis na tairbhí a bhaineann daoine aonair as ardoideachas, tá tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta níos leithne ag baint leis chomh maith – is é ár lucht saothair oilte an tsocmhainn eacnamaíoch is mó atá againn in Éirinn, agus is gá dúinn tuilleadh daoine a spreagadh le gabháil d'ardoideachas chun dul chun cinn eacnamaíoch a thiomáint. Tá easnaimh scileanna le tabhairt faoi deara anois i réimsí ríthábhachtacha dinimiciúla dár ngeilleagar, amhail TFC agus cógaisíocht, agus tá roinnt fianaise ann chomh maith go bhfuil easnaimh scileanna le sonrú in earnálacha eile chomh maith.[12] Caithfidh geilleagar na hÉireann leas a bhaint as scileanna agus tallanna ár ndaoine go léir ionas gur féidir leis an ngeilleagar leanúint dá fhás agus dá rathúnas.

8 Má tá tuilleadh eolais uait ar spriocanna na hEorpa le haghaidh 2020, féach ar http://ec.europa.eu/europe2020/index_en.htm.
9 An Coimisiún Eorpach, an GFOCC (2012), *An Limistéar Eorpach Ardoideachais in 2012: Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm Phróiseas Bologna*, lgh. 78, 86.
10 Bohonnek, A, et al. (2010), *Éagsúlacht a Fhabhrú: Forbhreathnú ar Theacht Cothrom ar Ardoideachas san Eoraip*, lch. 48.
11 ECFE (2014), *Spléachadh ar Oideachas in 2014, Nóta Tíre: Éire.*
12 ÚAO (2014), *An Chéad Tuarascáil ar Fheidhmíocht an Chórais Ardoideachais, 2014-2016*, lgh 32–39.

## 3.2 Na prionsabail a chuireann leis an *bPlean Náisiúnta Rochtana*

Agus an *Plean Náisiúnta Rochtana* seo á fhorbairt, chloígh an tÚdarás Ardoideachais agus an ROS leis na bunphrionsabail seo a leanas maidir le teacht ar ardoideachas, rannpháirtíocht agus rátaí críochnaithe daoine sna spriocghrúpaí:

**i.** Caithfidh polasaithe cothromas teachta a bheith i bhfeidhm ar feadh an speictrim iomláin oideachais agus cur chuig cuimsiú sóisialta trí 'iomlán an oideachais'.

**ii.** Tá ríthábhacht le caidrimh agus cumarsáid a neartú idir theaghlaigh, pobail, scoileanna agus institiúidí ardoideachais ar mhaithe le tacú le mianta, teagmháil agus gnóthachtáil mac léinn.

**iii.** Ba chóir go gcuirfeadh comhairliúchán le mic léinn agus mic léinn ionchasacha le forbairt polasaí agus cur i bhfeidhm rochtana go náisiúnta agus go háitiúil.

**iv.** Caithfear conairí ó bhreisoideachas go hardoideachas a fheabhsú chun deiseanna iontrála ardoideachais a leathnú, freastal ar riachtanais scileanna náisiúnta agus tacú le forbairt réigiúnach.

**v.** Tá sé ríthábhachtach comhpháirtíochtaí a chothú idir príomhpháirtithe leasmhara chun luach agus tairbhí an ardoideachais a chur in iúl agus caipiteal sóisialta a chruthú i bpobail ina bhfuil leibhéil ísle rannpháirtíochta.

**vi.** Tá gá le bailiú córasach sonraí bainteacha inchomparáide chun an bonn fianaise forbartha polasaí a fheabhsú agus monatóireacht éifeachtach cuspóirí náisiúnta ar theacht, rannpháirtíocht, críochnú agus torthaí a chumasú i measc grúpaí faoi ghanniondaíocht san ardoideachas.

**vii.** Téann struchtúr foriomlán an mhaoinithe córais agus tacaí airgeadais do mhic léinn i bhfeidhm ar rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas agus ba chóir é a chumrú chun teacht, rannpháirtíocht agus rátaí críochnaithe a fheabhsú.

**viii.** Ba chóir polasaithe ar chothromas teachta a phríomhshruthú agus a chur i bhfeidhm i saol laethúil institiúidí ardoideachais chun cáilíocht an eispéiris foghlama agus torthaí dul chun cinn do na mic léinn go léir a fheabhsú.

Tá na hocht bprionsabal seo mar bhonn agus taca ag forbairt na spriocanna, na gcuspóirí agus na ngníomhartha atá mar bhonn leis an b*Plean Náisiúnta Rochtana* seo, agus fuair siad tacaíocht fhorleathan i rith an phróisis chomhairliúcháin. Tá gach ceann de na prionsabail seo leagtha amach go mionsonraithe thíos.

### i. Caithfidh polasaithe cothromas teachta a bheith i bhfeidhm ar feadh an speictrim iomláin oideachais agus cur chuig cuimsiú sóisialta trí 'iomlán an oideachais'

D'fhéadfadh míbhuntáiste oideachais agus dícheangal d'oideachas tarlú ag céim ar bith den timthriall oideachais, agus caithfidh polasaithe le díriú ar chothromas teachta ar ardoideachas a bheith curtha i bhfeidhm ar feadh an chórais oideachais go léir, ó réamhscolaíocht, go bunscolaíocht, meánscolaíocht agus breisoideachas.

- Tá baol níos mó ann go mbeidh **daoine óga a bhíonn thíos le míbhuntáiste shóisialta** nochta d'fhachtóirí a théann i bhfeidhm ar a ndeis dul chun cinn rathúil a dhéanamh sa bhunscolaíocht agus sa mheánscolaíocht – mar shampla, leibhéil ísle ioncam teaghlaigh, ólachán alcóil go luath, riachtanas obair a dhéanamh go páirtaimseartha, stair drochthinrimh ar scoil agus mar sin de.
- Tá gá ag **mic léinn faoi mhíchumas** le tacaíocht agus teacht ar na teicneolaíochtaí cearta chomh luath agus is féidir sa timthriall oideachais ionas gur féidir leo aistriú go rathúil go hardoideachas.
- Tá réimse tionscnaimh pholasaí um chothromas teachta curtha i bhfeidhm ag an ROS ar fud an chórais oideachais, lena n-áirítear **Clár an Túis Luaith** san earnáil réamhscolaíochta, agus an clár **DEIS** (Comhdheis a Sholáthar sna Scoileanna) san earnáil scoileanna. Chomh maith leis sin, féachann an colún um **Chuimsiú Gníomhach** den *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna* (rud a bhí foilsithe ag an ROS agus SOLAS in 2014) le tuilleadh cláir agus tacaí oiliúna a chur ar fáil dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch.
- *Torthaí Níos Fearr, Todhchaithe Níos Fearr:* geallann *an creatpholasaí náisiúnta le haghaidh leanaí agus daoine óga, 2014-2020* [13] go dtacóidh an rialtas le taighde agus go nglacfaidh sé le straitéisí chun aistriú a neartú ar feadh an chórais oideachais: isteach sa bhunscolaíocht, ó bhunscolaíocht go meánscolaíocht, ó mheánscolaíocht go hardoideachas nó breisoideachas, fostaíocht nó, i gcás lucht luathfhágála scoile, go hÓgtheagmháil.[14]

Tá polasaí uileghabhálach á fhorbairt ag an ROS ar chuimsiú sóisialta i láthair na huaire, agus é ag cuimsiú oideachas réamhscoile go hardoideachas, agus beidh an *Plean Náisiúnta Rochtana* mar phríomh-chomhchuid den pholasaí comhtháite seo. Sa chomhthéacs seo, beidh an ROS ag baint leasa as an eolas luachmhar a tugadh sa phróiseas comhairliúcháin i bhforbairt an pholasaí uileghabhálaigh seo.

### ii Tá ríthábhacht le caidrimh agus cumarsáid a neartú idir theaghlaigh, pobail, scoileanna agus institiúidí ardoideachais ar mhaithe le tacú le mianta, teagmháil agus gnóthachtáil mac léinn

- Caithfidh scoileanna agus Institiúidí Ardoideachais obair a dhéanamh le chéile chun tuiscint dhearfach ar ardoideachas a chothú i measc daltaí meánscoile

Laethanta oscailte, gníomhaíochtaí ar an gcampas, seisiúin eolais – seo cuid de na bealaí ina mbíonn Oifigí Teachta in IAnna ag déanamh teagmhála le daltaí meánscoile ina réigiúin féin agus iad ag féachaint leis na daltaí a spreagadh le gabháil d'ardoideachas. Tá a leithéid de theagmháil mar chuid d'iarracht níos leithne chun míthuiscintí ar Institiúidí Ardoideachais a shárú agus iad a chur i láthair mar áiteanna cairdiúla oscailte ina bhfuil spás do dhaoine ó gach cúlra agus grúpa ioncaim.

I measc na scoileanna a ghlac páirt sa chlár DEIS, tá feabhsú leanúnach tagtha ar leibhéil litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí. Cé go dtacaíonn straitéisí teachta IAnna le DEIS agus leis an gClár Críochnaithe Scolaíochta agus iad ag díriú go háirithe ar scoileanna DEIS, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh siad teagmháil le scoileanna nach bhfuil mar chuid de DEIS i láthair na huaire chomh maith ach a bhféadfadh daltaí a bheith iontu atá thíos le míbhuntáiste shocheacnamaíoch, agus iad ag iarraidh an teacht ar ardoideachas a leathnú.

- Tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí i mianta acadúla a mhúscailt.

Is minic a smaoiníonn mic léinn ar éirigh leo gabháil d'ardoideachas ar pháirt múinteora ar leith i dtacaíocht a bhí de dhíth orthu a chur ar fáil chun a mianta oideachais a bhaint amach. Ós rud é go mbíonn ról chomh ríthábhachtach ag múinteoirí in ionchais daltaí a mhúnlú, tá sé fíorthábhachtach a chinntiú go dtuigtear luach an róil sin i rith oideachas tosaigh an mhúinteora agus i gcláir forbartha leanúnaí ghairmiúla (FLG).

Caithfidh gach clár oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) cloí le Critéir agus Treoirlínte na Comhairle Múinteoireachta do Sholáthraithe Clár. Ar na sé réimse dhéag éigeantacha is gá a bheith san áireamh i ngach clár OTM, tá: Oideachas Cuimsitheach (Míbhuntáiste, Ilchultúrachas, Oideachas Speisialta), Difreáil agus an Múinteoir agus Gníomhaireachtaí Seachtracha. Tá sé san áireamh sna torthaí foghlama do chéimithe cláir OTM i láthair na huaire go léireoidh an céimí eolas agus tuiscint ar ról uathúil an mhúinteora mar ghairmí i gcur ar fáil d'fhorbairt iomlánaíoch na ndaltaí, agus nádúr casta na múinteoireachta, mar atá mionléirithe sa Chód Iompraíochta Gairmiúla do Mhúinteoirí. Caithfidh an céimí a bheith in ann rath agus iarracht a spreagadh, a aithint agus a cheiliúradh chomh maith, agus caithfidh sé/sí a bheith in ann ionadaíocht a dhéanamh ar son leas an dalta agus é a chur in iúl, de réir mar is cuí.

Tá sé i gceist ag an gComhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú a dhéanamh ar na Critéir agus Treoirlínte do sholáthraithe OTM in 2016. Is féidir breithniú a dhéanamh mar chuid den athbhreithniú seo ar thagairt níos sonraí don ról is féidir le múinteoirí a imirt in ardú mianta acadúla sa timpeallacht scoile, go háirithe i gcásanna nuair nach féidir le teaghlaigh ná

[13] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014), *Torthaí Níos Fearr, Todhchaithe Níos Fearr: An creatpholasaí náisiúnta do leanaí agus daoine óga, 2014–2020.*
[14] Féach ar www.youthreach.ie.

pobail tacú le rannpháirtíocht san ardoideachas. D'fhéadfaí forbairt FLG ghaolmhair do mhúinteoirí atá ag obair faoi láthair a bhreithniú i rith fhorbairt an Chreata Náisiúnta d'Fhoghlaim Múinteoirí ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

- Tá tábhacht le gairmthreoraithe agus meantóirí i nglacadh ardoideachais a spreagadh i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht.

I gcás mic léinn nach bhfuil stair teaghlaigh ardoideachais aige/aici, nó a bhaineann le cúlra pobail nó scoile ina bhfuil ionchais fíor-ísle maidir le teacht ar ardoideachas, is minic gur cinneadh deacair é freastal ar choláiste. Tá tacaíocht agus comhairle ar leith de dhíth ar mhic léinn ina leithéid de chásanna ar luach an ardoideachais agus ar réimse iomlán ceisteanna níos praiticiúla:

- Cé na deiseanna atá ar fáil.
- Mar a ghabhtar do na próisis iarratais.
- Mar a thagtar ar thacaíocht airgeadais.
- Mar a phléitear le timpeallacht shóisialta foghlama thar a bheith difriúil san ardoideachas.

Tá an-luach ar threoir do dhaltaí ar na nithe seo, go háirithe sna scoileanna ina bhfuil ionchais ísle rannpháirtíochta san ardoideachas i measc theaghlaigh na ndaltaí agus sa phobal áitiúil.

Rud eile atá tábhachtach chomh maith ná an cion oibre a d'fhéadfadh daoine ar éirigh leo teacht ar agus dul chun cinn a dhéanamh san ardoideachas a dhéanamh chun meantóireacht a dhéanamh ar dhaltaí ar leith, go háirithe nuair a bhaineann a leithéid de mheantóirí leis an bpobal nó an cúlra sóisialta céanna. B'fhearr dá dtarlódh a leithéid de mheantóireacht sna blianta luatha den oideachas dara leibhéal.

Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí mar phríomh-spriocghrúpa chomh maith i gcur chun cinn tairbhí na rannpháirtíochta san ardoideachas. Is príomhpháirtí leasmhar í an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (iar-bhunoideachais) ina leith seo agus déantar ionadaíocht ar a son sa ghrúpa comhairleach d'Oifig Teachta Náisiúnta an ÚAO. Scrúdófar an fhéidearthacht go dtacódh an CNT tuilleadh le scaipeadh príomhtheachtaireachtaí faoi luach an ardoideachais tríd an straitéis seo.

### iii. Ba chóir go gcuirfeadh comhairliúchán le mic léinn agus mic léinn ionchasacha le forbairt polasaí agus cur i bhfeidhm teachta go náisiúnta agus go háitiúil

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag féachaint le tuairimí na ndaltaí a fháil faoi fhorbairtí a théann i bhfeidhm orthu i bpríomhréimsí den chóras oideachais. Mar shampla, téitear i gcomhairle le daltaí maidir le forbairt sonraíochtaí nua curaclaim, soláthar seirbhísí síceolaíocha do scoileanna, agus maidir le gnéithe den phróiseas cigireachta scoile. Chomh maith leis sin, tá ag Roinn ag tacú i láthair na huaire le hoibriú córas Comhairlí Daltaí i meánscoileanna agus tá siad ag féachaint le tuilleadh comhairlí daltaí a bhunú i mbunscoileanna.

Ag an tríú leibhéal, tá an dara Suirbhé Éireannach ar Theagmháil le Mic Léinn déanta, agus déantar ionadaíocht ar son na mac léinn ar Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas agus sa ghrúpa comhairleach d'Oifig Náisiúnta Teachta an ÚAO chomh maith.

Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tar éis an chéad *Straitéis Náisiúnta ar Leanaí agus Rannpháirtíocht Daoine Óga i gCinnteoireacht* a fhoilsiú le déanaí chomh maith.

Ba chóir go mbeadh comhairliúchán struchtúrtha le mic léinn an dara agus an tríú leibhéal, go háirithe leo siúd arb iad tairbhithe beartaithe an *Phlean Náisiúnta Teachta*, ba chóir go mbeadh sé mar chuid lárnach de na polasaithe teachta a bheadh forbartha ag institiúidí ardoideachais ar leith. Cinnteoidh sé seo go gcuirfear le agus go neartófar an polasaí foriomlán le tuairimí na ndaoine is mó a rachaidh sé i bhfeidhm orthu.

### iv. Caithfear conairí ó bhreisoideachas go hardoideachas a fheabhsú chun deiseanna iontrála ardoideachais a leathnú, freastal ar riachtanais scileanna náisiúnta agus tacú le forbairt réigiúnach

I gcás cuid mhaith mac léinn, is sprioc dheiridh í cáilíocht bhreise oideachais agus is féidir leo post a bhaint amach sa lucht saothair mar gheall uirthi; i gcás daoine eile, is céim í ar chonair i dtreo an ardoideachais. Ach níl go leor deiseanna ann do chéimithe breisoideachais an t-aistriú a dhéanamh go hardoideachas i láthair na huaire agus níl ach líon beag mac léinn á dhéanamh sin. Creideann an ROS agus an tÚdarás um Ardoideachas go bhfuil meicníochtaí ann a d'fhéadfadh cabhrú leis an gcás seo a fheabhsú:

- Cuireann an **Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)** meicníocht ar fáil do IAnna chun tuiscint a fháil ar leibhéil agus dámhachtainí cáilíochta ó gach réimse den chóras oideachais, agus d'fhéadfadh IAnna é seo a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí chun tuiscint a fháil ar chaighdeán agus torthaí cáilíochtaí atá ag céimithe breisoideachais agus cén chaoi a dtéann siad seo in oiriúint do na riachtanais iontrála ardoideachais.
- Ba chóir go gcabhródh an obair leanúnach atá ar siúl ag **Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (CCÉ)** ar chreat náisiúnta a chur i bhfeidhm chun foghlaim roimhe seo a aithint (FRSA) le IAnna foghlaim a baineadh amach i gcomhthéacs oideachais neamhfhoirmiúil nó neamhfhoirmeálta a aithint agus a chreidiúnú.[15]
- Dá gcuirfí scéimeanna **BTA** agus **BTMO**[16] ar fáil do chéimithe breisoideachais, d'fhéadfaí cur go mór leis an réimse seo chomh maith.

Cuireann na Braislí Réigiúnacha[17] atá á gcruthú mar chuid de na hathruithe struchtúrtha sa tírdhreach ardoideachais creat institiúidí ar fáil trínar féidir le mic léinn dul chun cinn a dhéanamh go dtí an leibhéal is mian leo. Tá naisc i gceist idir an chuid is mó IAnna go traidisiúnta le IBanna ar leith agus tá céimithe cláraithe acu ó na hinstitiúidí seo i gcúrsaí áirithe ardoideachais. I gcomhréir le hobair atá ar siúl ag SOLAS agus CCÉ, beidh a leithéid de naisc chórasaithe sna ceithre bliana amach romhainn, ionas go mbeidh a fhios ag mac léinn ar bith atá ag gabháil do chúrsa breisoideachais faoi na conairí atá ar fáil óna c(h)úrsa isteach san ardoideachas.[18] Is é an chéad tosaíocht atá ag na Braislí Réigiúnacha ná na conairí seo a léiriú go soiléir, agus tá dea-obair áirithe déanta cheana ina leith seo. Mar shampla, tá naisc níos dlúithe á gcruthú idir roinnt IAnna agus Boird áitiúla Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus IBanna, agus i gcásanna áirithe, tá sé seo tarlaithe i gcomhréir le forbairt uirlisí ar líne a dhéanann léarscáiliú soiléir ar na roghanna agus conairí oideachais go léir atá ar fáil do mhic léinn i réigiún ar leith.

Tá naisc bhreise idir breisoideachas agus ardoideachas beartaithe i gcomhthéacs na forbartha réigiúnaí.[19] Tá comhoibriú idir SOLAS, na IBanna agus na hinstitiúidí teicneolaíochta mar thoradh ar an athbhreithniú leanúnach ar oiliúint phrintíseachta chomh maith.[20] Beidh tionchar dearfach ag a leithéid de chomhpháirtíochtaí ar theagmháil fhoriomlán agus gluaiseacht mhéadaithe mac léinn idir an dá earnáil.

### v. Tá sé ríthábhachtach comhpháirtíochtaí a chothú idir príomhpháirtithe leasmhara chun luach agus tairbhí an ardoideachais a chur in iúl agus caipiteal sóisialta a chruthú i bpobail ina bhfuil leibhéil ísle rannpháirtíochta

Seans níos fearr go bhfaighidh siad post níos fearr, sásamh poist agus ionchais dul chun cinn gairme níos fearr – seo cuid de na príomhthairbhí a bhaineann le hardoideachas, agus is teachtaireacht é is gá dúinn a chur in iúl go soiléir agus go héifeachtach. Tá ról tábhachtach cheana ag múinteoirí, foireann ardoideachais, gairmthreoraithe agus meantóirí i dtairbhí agus luach an ardoideachais a chur in iúl do dhaltaí meánscoile agus do dhaoine ag gabháil do bhreisoideachas agus

---

15 CCÉ (2013), *Páipéar Uaine ar Aithint Foghlama Roimhe Seo.*
16 Is dhá scéim iad BTA agus BTMO atá á oibriú ag roinnt IAnna a thairgeann áiteanna ardoideachais ar phointí laghdaithe do lucht fágála scoile atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta nó faoi mhíchumas – féach ar www.accesscollege.ie.
17 Cúig Bhraisle Réigiúnacha: Baile Átha Cliath I (COBÁC, CTBÁC, IEDT, CNED, IOM); Baile Átha Cliath II (OCBÁC, IMD, CPDC, OÉMN, ITÁL, IT Dhún Dealgan; ITBÁC, IT Thamhlachta, ITBB); An tIarthar Láir (OL, ITL, CMGS); An tIarthar/an tIar-Thuaisceart (OÉG, ITGME, ITLC, IT Shligigh, Coláiste Oideachais Naomh Angela); An Deisceart (COC, ITC, IT Thrá Lí, ITPL, IT Cheatharlach).
18 CCÉ (2014), *Páipéar Glas ar Theacht, Aistriú agus Dul Chun Cinn*; An ROS agus SOLAS (2014), *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna, 2014–2019.*
19 An Roinn Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta (2015), *Creat chun Straitéisí Réigiúnacha Fiontraíochta a fhorbairt.*
20 An ROS (2014), *Athbhreithniú ar Oiliúint Printíseachta in Éirinn.*

oideachas aosach. I gcás na ndaoine siúd atá taobh amuigh d'oideachas foirmiúil faoi láthair, d'fhéadfadh sé a bheith deacair teacht ar eolas soiléir cuimsitheach ar an réimse roghanna agus tacaí atá ar fáil agus is ceist é seo ar ar gá dúinn díriú.

Tá gaol díreach idir an seans go mbeidh dalta ag gabháil d'ardoideachas agus an pobal lena mbaineann an dalta sin, agus tá sé ríshoiléir go bhfuil rannpháirtíocht i bhfad níos ísle san ardoideachas i measc daoine ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch.[21]

Caithfidh an earnáil ardoideachais a bheith ar oscailt do phobail faoi mhíbhuntáiste leanúnach shocheacnamaíoch agus dul i ngleic le héagothroime rochtana ó thaobh polasaí de. Ar na tionscnaimh atá ag cumasú Institiúidí Ardoideachais le hardoideachas a chur i láthair mar rogha réalaíoch i bpobail ar beag a dtraidisiún rannpháirtíochta acu, tá:

- Tionscnaimh de chuid grúpaí pobail agus deonacha i gceantair áirithe le cabhrú le daoine óga agus iad a spreagadh le páirt a ghlacadh in ardoideachas agus é a chríochnú.
- Cláir agus tionscnaimh aonair teachta an IA amhail BTA, a thairgeann áiteanna ardoideachais do mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch ar phointí laghdaithe POI.
- Rannpháirtíocht IAnna sna Coistí Forbartha Pobail Áitiúil a cruthaíodh le déanaí[22] – tairgeann siad seo pointí teagmhála réamhdhéanta trínar féidir le IAnna (agus iad ag obair trína mbraislí réigiúnacha) a bheith níos rannpháirtí i bpobail faoi mhíbhuntáiste.[23]
- Rannpháirtíocht Institiúidí Ardoideachais áirithe sna Coistí Seirbhísí nua do Leanaí agus Daoine Óga a bunaíodh sna contaetha.[24]

### vi. Tá gá le bailiú córasach sonraí bainteacha inchomparáide chun an bonn fianaise forbartha polasaí a fheabhsú agus monatóireacht agus athbhreithniú éifeachtach cuspóirí náisiúnta ar theacht, rannpháirtíocht agus críochnú i measc grúpaí faoi ghanniondaíocht san ardoideachas a chumasú.

Trína Oifigí Teachta agus trí scéimeanna amhail BTA agus BTMO, is féidir le IAnna cabhrú le cinntiú go n-aithneoidh siad mic léinn nach mbeadh ag teacht ar ardoideachas i gcás eile agus díriú orthu. Ach má tá siad chun a leithéid a dhéanamh, caithfidh bonn maith fianaise a bheith acu, go háirithe ar na grúpaí socheacnamaíocha a bhfuil míbhuntáiste ag baint leo.

Ó 2007, tá sonraí cothromas teachta bailithe ag an Údarás um Ardoideachas ar chúlra socheacnamaíoch, eitneach/cultúrtha agus míchumais na mac léinn atá ag teacht isteach, agus tá na sonraí seo luachmhar agus iad ag cur le cinntí maoiniúcháin. Ach tá dúshláin ag baint le braistintí agus sainmhínithe athraitheacha ar ghrúpaí difriúla socheacnamaíocha maidir le sainmhíniú a leithéid de shonraí. Mar shampla, tá méadú ar líon na mac léinn nach bhfuil a ngrúpa socheacnamaíoch ar eolas, agus tá deacrachtaí sainmhínithe ann chomh maith maidir le próifíliú an ghrúpa neamhláimhe ó thaobh míbhuntáiste de.[25] Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas ag obair le dul i ngleic leis na dúshláin seo agus tá roinnt réiteach curtha i bhfeidhm aige.

Leanfaidh an ÚAO agus an ROS de ghrúpaí socheacnamaíocha a úsáid le tagairt do shonraí náisiúnta daonáirimh mar phríomhtháscaire i spriocanna a chinneadh agus leithdháiltí airgeadais ar institiúidí a ríomh. Ach i rith théarma an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo, forbróimid táscairí eile comhthreomhara míbhuntáiste chomh maith – d'fhéadfaí go gcuimseoidís seo sonraí eile amhail na sonraí sin atá bailithe ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (TCMLÉ), sonraí níos mionsonraithe ar rannpháirtíocht daltaí ó scoileanna DEIS, agus anailís níos mionsonraithe de réir postcheantair.

### vii. Téann struchtúr foriomlán an mhaoinithe córais agus tacaí airgeadais do mhic léinn i bhfeidhm ar rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas agus ba chóir é a chumrú chun teacht, rannpháirtíocht agus rátaí críochnaithe a fheabhsú

Bíonn costas ar fhreastal ar choláiste agus is dúshlán ar leith é seo roimh dhaoine ó na spriocghrúpaí. Cuireann na tacaí maoiniúcháin atá ar fáil faoi láthair (deontais táillí, deontais chothabhála agus tacaí eile san áireamh) ar chumas cuid mhaith mac léinn teacht ar, agus páirt a ghlacadh in ardoideachas, chomh maith lena chríochnú. Ó thaobh polasaí de, áfach, is gá dúinn a dhearbhú cé chomh maith is a oibríonn a leithéid de thacaí le cur in aghaidh na ndídhreasachtaí costais a imríonn tionchar ar dhaoine ó phobail faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch.

Ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas i rith phróiseas an chomhairliúcháin, bhí tacaíocht mhaoiniúcháin do mhic léinn pháirtaimseartha, lena n-áirítear mic léinn pháirtaimseartha faoi mhíchumas. Ceist bhuartha eile ná na roghanna tacaíochta airgeadais do mhic léinn ar mian leo gabháil d'oideachas iarchéime. Caithfear na ceisteanna seo a bhreithniú i gcomhthéacs na n-acmhainní foriomlána airgeadais atá ar fáil d'ardoideachas. D'fhéadfadh moltaí an Ghrúpa Shaineolaigh ar Mhaoiniú an Ardoideachais Amach Anseo a bheith bainteach anseo chomh maith.

### viii. Ba chóir polasaithe ar chothromas teachta a phríomhshruthú i saol laethúil institiúidí ardoideachais chun cáilíocht an eispéiris foghlama agus torthaí dul chun cinn do na mic léinn a fheabhsú

Cé go bhféadfadh mic léinn ó na spriocghrúpaí teacht ar ardoideachas, tá méadú tagtha ar na rátaí easpa dul chun cinn – go háirithe i measc na ndaoine siúd atá ag gabháil do chúrsaí leibhéal 6 agus 7, sa chás nach ndeachaigh beagnach 30% de na hiontrálaithe ar aghaidh go dtí an dara bliain in 2010/2011, céatadán arbh ionann é agus méadú ó 26% trí bliana roimhe seo.[26] Bunaíodh an Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim chun taighde agus forbairt a dhéanamh ar pholasaí agus cleachtas maidir le teagasc agus foghlaim san ardoideachas. Feabhsóidh an obair seo cáilíocht eispéireas foghlama na mac léinn go léir agus cuirfidh sé le rátaí méadaithe dul chun cinn. Tá an Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim ag tacú le taighde i láthair na huaire ar na cúiseanna nach gcríochnaíonn mic léinn áirithe a gcúrsaí agus forbróidh sé réitigh agus idirghabhálacha is féidir a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála.[27]

Aithnítear go bhféadfadh go mbeadh tacaí breise acadúla nó eile de dhíth ar mhic léinn ó na spriocghrúpaí ar mhaithe lena gcúrsaí a chríochnú, ach caithfear seo a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail an dearaidh uilíoch um fhoghlaim agus níor chóir lipéad diúltach ar bith a chur orthu. Caithfidh a leithéid de bhearta tacaíochta a bheith ar fáil go soiléir do na mic léinn go léir.

---

21 Féach ar Aguisín A.3.2. Féach ar an doiciméad de chuid an ÚAO (2015), *Faighteoirí Deontais do Mhic Léinn ó Chohórt Iontrálaithe Nua Fochéime Lánaimseartha sa Chéad Bhliain le haghaidh Bhliain Acadúil 2013/14 in Institiúidí atá maoinithe ag an ÚAO.*

22 An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2012), *Tús Áite do na Daoine: Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach*, lch. 11; An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2014), *Treoirlínte ar Bhunú agus Oibriú Coistí Forbartha Pobail Áitiúil*, lch. 19.

23 Tacaíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le rannpháirtíocht Institiúidí Ardoideachais sna pobail seo.

24 Féach ar www.cypsc.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi Choistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga; An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, *Torthaí Níos Fearr, Todhchaithe Níos Fearr.*

25 An tÚdarás um Ardoideachas (2010), *Míbhuntáiste faoi Cheilt? Staidéar ar Rannpháirtíocht Íseal san Ardoideachas ag an nGrúpa Neamhláimhe.*

26 ÚAO (2014), *Staidéar ar Dhul Chun Cinn in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, 2010/11-2011/12.*

27 Féach ar Thionscadal 4 ag http://www.teachingandlearning.ie/t-l-scholarship/national-forum-research-projects.

# 4

# SPRIOCANNA TOSAÍOCHTA AN *PHLEAN NÁISIÚNTA ROCHTANA*

# 4. Spriocanna tosaíochta an *Phlean Náisiúnta Rochtana*

Forbraíodh cúig sprioc tosaíochta le bheith curtha i gcrích i rith thréimhse an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo. Tá ceann amháin ar a laghad de na bunphrionsabail a bhfuil cur síos orthu i rannán 3.2 thuas mar bhonn agus taca ag gach ceann de na spriocanna seo.

Is iad na cúig sprioc ná:

| | |
|---|---|
| 1. | Sruthlíniú a dhéanamh ar sholáthar cothromas teachta sna hInstitiúidí Ardoideachais. |
| 2. | Measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtionscnamh atá ann faoi láthair le tacú le teacht cothrom ar ardoideachas. |
| 3. | Sonraí agus fianaise chruinn a bhailiú ar theacht agus rannpháirtíocht agus an polasaí a bhunú ar an méid a chuireann na sonraí sin in iúl dúinn. |
| 4. | Conairí comhleanúnacha a fhorbairt ó bhreisoideachas agus bealaí iontrála eile go hardoideachas a chothú |
| 5. | Straitéisí comhpháirtíochta réigiúnacha agus pobail a fhorbairt le haghaidh teacht méadaithe ar ardoideachas, le béim ar leith ar mheantóireacht. |

Déantar gach sprioc a mhiondealú ina sraith cuspóirí inréadaithe agus tá na nithe seo a leanas in éineacht le gach cuspóir:

- **Gníomh:** cur síos ar an gcéim/na céimeanna praiticiúla trínar féidir an cuspóir a bhaint amach.
- **Príomhfhreagracht:** aithint cé atá freagrach as an gcuspóir/gníomh.
- **Príomhtháscairí feidhmíochta**: lua conas a dhéanfar baint amach an chuspóra a thomhas agus a mheasúnú.

Cuirfidh cur i bhfeidhm gach cuspóra agus an ghnímh a ghabhann leis le baint amach na spriocanna le haghaidh teacht cothrom atá socraithe le haghaidh théarma an *Phlean Náisiúnta Rochtana.* Is ar na IAnna agus soláthraithe oideachais eile, agus ar ghníomhaireachtaí eile amhail CCÉ, SOLAS agus an Chomhairle Mhúinteoireachta go príomha atá an fhreagracht as cuid mhaith de na gníomhartha a chur i gcrích. Tá an ÚAO agus an ROS tiomanta do chreat riachtanach polasaí agus bonneagair a chur ar fáil chun baint amach spriocanna an *Phlean Náisiúnta Rochtana* a éascú.

Déanfaidh an ÚAO measúnacht ar fheidhmíocht gach Institiúid Ardoideachais trína phróiseas idirphlé straitéisigh i gcomparáid le critéir cothromas teachta, agus cuirfear seo san áireamh i leithdháileadh an mhaoinithe feidhmíochta.

## 4.1 Sprioc 1: Sruthlíniú a dhéanamh ar sholáthar cothromas teachta sna hInstitiúidí Ardoideachais

Cuireann an tÚdarás um Ardoideachas fáilte mhór roimh bhunú oifigí rochtana agus bonneagar gaolmhar mar chomhartha soiléir ar thosaíocht cothromas teachta ag Institiúidí Ardoideachais. Is é an chéad chéim eile ná prionsabal an chothromais teachta a chomhtháthú ar bhealach níos iomláine le saol laethúil na IAnna ionas go scaipfear é ar fud na ndámh agus na ranna go léir, agus nach mbeidh sé imeallaithe mar fhreagracht na hoifige ainmnithe teachta.[28]

Nuair a chuireann institiúidí chuige mar seo, is dóchúil go mbraithfear na tairbhí ar fud na háite in eispéireas feabhsaithe oideachais do na mic léinn go léir. Tá roinnt Institiúidí Ardoideachais tar éis a bheith ar thús cadhnaíochta ina leith seo agus tá bealaí cuir chuige dea-chleachtais forbartha acu a d'fhéadfadh freastal mar shamhlacha dóibh siúd nach bhfuil an dul chun cinn céanna déanta acu. Agus an chonair seo á leanúint, áfach, beidh sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil na bealaí cuir chuige áitiúla i gcomhréir le cuspóirí leathana an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo.

Chomh maith le teacht a spreagadh agus a oscailt d'iontrálaithe ó na spriocghrúpaí náisiúnta, caithfidh Institiúidí Ardoideachais a chinntiú chomh maith go mbeidh taithí dhearfach ar rannpháirtíocht ag a leithéid de mhic léinn agus go dtabharfar go leor tacaíochta dóibh le cabhrú leo a gcúrsaí a chríochnú go rathúil.

### Sprioc 1: Achoimre ar chuspóirí agus gníomhartha

| | Cuspóir | Gníomh | Príomhfhreagracht | Príomhtháscairí feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Bealaí cuir chuige ar fud iomlán an IA i leith straitéisí institiúideacha teachta a leabú ionas go mbeidh teacht grúpaí faoi ghannionadaíocht mar thosaíocht ar fud na ndámh go léir. | 'Curadh teachta' le bheith ainmnithe ag gach dámh chun tacaíocht a thabhairt agus comhairle a chur ar fáil ar chur i bhfeidhm straitéis institiúideach rochtana. | IAnna Athbhreithniú ag an Údarás um Ard-Oideachas | Athbhreithniú meántéarma chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn. |
| 1.2 | Díriú ar cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i measc na mac léinn ó na spriocghrúpaí taobh istigh de thacaí agus seirbhísí príomhshrutha. | I gcomhairle leis na seirbhísí teachta, díreofar ar thacaí (tacaí iar-iontrála san áireamh) do mhic léinn ó spriocghrúpaí go príomha trí sheirbhísí príomhshrutha do mhic léinn. | IAnna Athbhreithniú ag an Údarás um Ard-Oideachas | Gach taca do mhic léinn sruthlínithe faoi 2019. |
| 1.3 | Spriocanna agus cuspóirí an Phlean Náisiúnta Rochtana seo a léiriú i straitéisí IA agus i gcomhstraitéisí institiúideacha agus sna comhshocruithe bliantúla a bhíonn mar thoradh ar phróiseas an idirphlé straitéisigh. | Straitéisí rochtana na nInstitiúidí Ardoideachais le bheith curtha i gcomhréir leis an bpolasaí agus na spriocanna atá leagtha amach sa *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo. | IAnna Athbhreithniú ag an Údarás um Ard-Oideachas | Gach scéim rochtana IA ailínithe faoi 2019. |

[28] Eascraíonn an sprioc seo ó phrionsabail ii agus vii, rannán 3.2.

| | Cuspóir | Gníomh | Príomhfhreagracht | Príomhtháscairí feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| 1.4 | Díriú ar fhadhb neamhchríochnú na gclár, go háirithe ina measc siúd atá i spriocghrúpaí faoin ghannionadaíocht. | Déanfaidh meitheal breithniú ar na fadhbanna a chuireann le neamhchríochnú d'fhonn moltaí a chur ar fáil.<br><br>Cuirfear le plé na meithle le taighde a bhí coimisiúnaithe ag an ÚAO agus atá á dhéanamh faoi láthair ag an bhFóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim. | An ROS/UAO/<br><br>An Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim | Taighde[29] foilsithe in 2015-16.<br><br>Meitheal bunaithe, 2016.<br><br>Tuarascáil meithle faoi dheireadh 2016. |
| 1.5 | Taighde a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir tacaí teagaisc agus gaolmhara do mhic léinn ó na spriocghrúpaí a léiriú mar chuid de straitéis fhoriomlán gach institiúide. | Úsáidfear an tsraith seimineár agus taighde eile chun comhairle a chur ar fáil ar na tacaí acadúla is fearr do mhic léinn ó spriocghrúpaí rochtana. | An Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim | Seimineáir agus taighde, 2015-16. |
| 1.6 | Úsáid meantóirí agus eiseamláirí do mhic léinn a leathnú taobh anonn den chéim réamh-iontrála, agus leanúint de thacú le mic léinn agus iad ag gabháil d'ardoideachas. | Ardoideachas le hathbhreithniú a dhéanamh ar chláir mheantóireachta iar-iontrála.<br><br>Samhail den chaoi is fearr le meantóirí agus eiseamláirí do mhic léinn a úsáid a chomhaontú agus a fhorbairt. | IAnna<br><br>An tÚdarás Ardoideachais | Athbhreithniú in 2016.<br><br>Foilsithe, (2017). |
| 1.7 | Chun teacht ag mic léinn ó spriocghrúpaí ar oideachas tosaigh múinteoirí a mhéadú. | Forbairt cláir agus bealaí teachta ar oiliúint múinteoirí. Cuirfear leis seo le hobair roimhe seo sa réimse seo ag Coláistí Oideachais. | IAnna/BTA/ BTMO | Glao ar thograí ag an ÚAO, 2016.<br>Tús na dtionscadal, 2016.<br>Measúnú ar an toradh, 2018. |
| 1.8 | Cinntiú go dtacaíonn cláir oiliúna agus forbartha gairmiúla múinteoirí le hardú ionchas i measc daltaí maidir lena n-acmhainneacht ardoideachais. | Cuirfidh an ÚAO le próiseas reatha comhairliúcháin na Comhairle Múinteoireachta ar FLG.<br><br>Cuirfidh an ÚAO leis an athbhreithniú ar na Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe na gClár. | An tÚdarás Ardoideachais/An Chomhairle Mhúinteoireachta<br><br>IAnna/An Chomhairle Mhúinteoireachta/An tÚdarás Ardoideachais | Ionchur an ÚAO i gcreat FLG na Comhairle Múinteoireachta, 2015/16.<br><br>Ionchur an ÚAO in athbhreithniú na Comhairle Múinteoireachta ar Chritéir agus Treoirlínte OTM. |

29 An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas (2015), *An Fáth a nImíonn Mic Léinn: Torthaí ó Thaighde Cáilíochtúil ar Neamhchríochnú Ardoideachais ag Mic Léinn in Éirinn*

## 4.2 **Sprioc 2:** Measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtionscnamh atá ann faoi láthair le tacú le teacht cothrom ar ardoideachas

Tá an ÚAO agus an ROS tiomanta scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann struchtúr foriomlán an mhaoinithe institiúidigh agus tacaíocht airgeadais do mhic léinn i bhfeidhm ar rannpháirtíocht san ardoideachas ag daoine ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, agus breithniú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr le tacaí airgeadais a dhíriú chun rátaí teachta, rannpháirtíochta agus críochnaithe a fheabhsú.[30]

### Sprioc 2: Achoimre ar chuspóirí agus gníomhartha

| | Cuspóir | Gníomh | Príomhfhreagracht | Príomhtháscairí feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn Samhail Leithdháilte Deontais Atréimhsigh (SLDA) an ÚAO le bonneagar teachta i ngach aon IA. | Déanfar breithniú ar an mbonneagar teachta i ngach aon IA (an oiread a léirítear na feidhmeanna teachta ar fud na hinstitiúide san áireamh); agus cinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an príomh-mhaoiniú á chaitheamh go cuí le tacú le bonneagar teachta in IAnna. | An ÚAO/IAnna | Anailís in 2016.<br><br>Foilseofar torthaí in 2017. |
| 2.2 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn (CCML) | Déanfaidh an ÚAO athbhreithniú neamhspleách ar an CCML a choimisiúnú le cinneadh an bhfuil an ciste oiriúnach dá fheidhm reatha; agus chun moltaí a dhéanamh ar pholasaí agus oibriú an chiste amach anseo. | An ÚAO | Athbhreithniú an CCML le bheith críochnaithe, 2016. |
| 2.3 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas (CMLM) | Déanfaidh an ÚAO athbhreithniú neamhspleách a choimisiúnú ar an CMLM, rud a dhéanfaidh moltaí le haghaidh pholasaí agus oibriú an chiste amach anseo. | An ÚAO | Athbhreithniú an CMLM le bheith críochnaithe, 2016. |
| 2.4 | Scrúdú a dhéanamh ar cheist na dtacaí airgeadais do mhic léinn pháirtaimseartha ó spriocghrúpaí faoi ghannionadaíocht. | Déanfaidh an ÚAO agus an ROS breithniú ar an bhféidearthacht atá ann roghanna a athbhreithniú le haghaidh teacht maoiniúcháin ar staidéar páirtaimseartha i gcomhthéacs na n-acmhainní foriomlána airgeadais atá ar fáil d'ardoideachas agus i bhfianaise mholtaí an Ghrúpa Shaineolaigh ar Mhaoiniú Amach Anseo. | An ÚAO/ROS | Breithneoidh an ÚAO agus an tAonad Cothromas Teachta ar Oideachas sa ROS roghanna i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil. |

30 Tá prionsabail vii, rannán 3.2 mar bhonn agus taca ag an sprioc agus na gníomhartha seo.

## 4.3 **Sprioc 3:** Sonraí agus fianaise chruinn a bhailiú ar theacht agus rannpháirtíocht agus an polasaí a bhunú ar an méid a chuireann na sonraí sin in iúl dúinn

Tá bailiú sonraí, fianaise agus anailís ar ardchaighdeán riachtanach le cur le forbairt idirghabhálacha cuí polasaí; agus tá gá againn chomh maith le meicníochtaí maithe le heolas a scaipeadh faoi na gníomhartha agus na tionscnaimh a bhfuil an seans ratha is mó ag baint leo. Tá straitéis fhoriomlán forbartha sonraí agus bainistíochta eolais á forbairt ag an ÚAO don earnáil ardoideachais i láthair na huaire, agus beidh na tionscnaimh bhailithe agus anailísithe sonraí a dhéanfar mar chuid den *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo mar chuid den straitéis sin. I rith théarma an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo, tá sé mar chuspóir an ÚAO leanúint de mhodheolaíochtaí bailithe agus anailísithe sonraí a fhorbairt ionas go mbeidh siad seo mar bhonn agus taca ag ceapadh polasaithe agus ag na tacaí a chuirtear ar fáil do mhic léinn a bhfuil siad de dhíth orthu – dá dhoimhne ár n-eolas ar spriocghrúpaí, is ea is fearr atá muid ullamh le hacmhainní a dhíriú ar bhealach níos fearr trí thionscnaimh náisiúnta agus áitiúla.[31]

### Sprioc 3: Achoimre ar chuspóirí agus gníomhartha

| | Cuspóir | Gníomh | Príomhfhreagracht | Príomhtháscairí feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Straitéis fhoriomlán sonraí a fhorbairt le haghaidh cothromas teachta. | Dul chun cinn a dhéanamh le tionscadal roinnte sonraí an ÚAO/TCMLÉ.<br>Tionscadail nua a iniúchadh le SOLAS agus gníomhaireachtaí eile. | An ROS/UAO<br>An POI/TCMLÉ<br>COÉ/ITÉ<br>An ÚAO, SOLAS agus gníomhaireachtaí eile | Foilsíodh an chéad tuarascáil ar fhaighteoirí deontais do mhic léinn in institiúidí an ÚAO in 2015.<br>Foilseofar an dara tuarascáil in 2017.<br>Straitéis sonraí ar theacht le foilsiú 2016.<br>Ionchur an ÚAO<br>i bhforbairt an bhunachair shonraí foghlaimeoirí ag SOLAS (CTCF/PLSS) 2015-17. |
| 3.2 | Athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí reatha agus nua le féachaint conas a d'fhéadfaí seo a fhorbairt chun ceantair gheografacha atá go mór faoi mhíbhuntáiste a aithint; agus anailís a dhéanamh ar na rátaí rannpháirtíochta san ardoideachas ó na ceantair sin. | Samhail a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar phátrúin gheografacha an teachta ar ardoideachas.<br>Faoi réir thoradh na hoibre seo, athbhreithniú ar spriocanna rannpháirtíochta. | An ÚAO/IAnna | Samhail forbartha in 2016.<br>Athbhreithniú ar spriocanna (2017). |
| 3.3 | Meicníochtaí a fhorbairt le dul chun cinn, rátaí coinneála agus eispéireas mac léinn na spriocghrúpaí faoi ghannionadaíocht a rianú, lena n-áirítear mic léinn atá á dtacú ag an CCML agus an CMLM. | Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chórais chun dul chun cinn, rátaí coinneála agus eispéireas mac léinn na spriocghrúpaí mac léinn a rianú. | An ÚAO/IAnna | Sonraí forbartha agus foilsithe in 2015-2017. |
| 3.4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul ar aghaidh go fostaíocht agus staidéar iarchéime ag mic léinn ó spriocghrúpaí teachta. | Athbhreithniú a dhéanamh ar fhoinsí sonraí reatha agus féideartha d'fhonn modheolaíocht a fhorbairt chun torthaí do mhic léinn ó spriocghrúpaí a rianú. | An ÚAO | Modheolaíocht forbartha<br>2015–16. |
| 3.5 | Monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus torthaí d'iontrálaithe ó scoileanna DEIS. | Anailís leanúnach ag an ROS agus an ÚAO. | An ROS/UAO | Tuarascálacha foilsithe ag an ROS.<br>Athbhreithniú an ÚAO ar rannpháirtíocht ó scoileanna DEIS le bheith mar tháscaire breise socheacnamaíoch. |
| 3.6 | Dul i gcomhairle le mic léinn agus mic léinn ionchasacha le cur le cur i bhfeidhm agus forbairt polasaí teachta. | Teagmháil struchtúrtha le hionadaithe na mac léinn, go háirithe iad siúd ó ghrúpaí a bhfuil polasaithe teachta dírithe orthu. | An tÚdarás um Ardoideachas/<br>Institiúidí Ardoideachais | Athbhreithniú ar an dul chun cinn in 2017. |
| 3.7 | Eolas a roinnt agus a scaipeadh faoi thionscnaimh éifeachtacha maidir le teacht. | Fóraim bhliantúla a thionól de chleachtóirí teachta, taighdeoirí agus grúpaí pobail/deonacha a oibríonn san ardoideachas trí líonra REAL[33] le haghaidh taighde ar theacht agus foghlaim ar feadh an tsaoil.<br>Tionscadal taighde a choimisiúnú chun anailís a dhéanamh ar naisc reatha IA agus gníomhaíochtaí gaolmhara a bhaineann le teacht le scoileanna, agus chun cleachtais éifeachtacha a aithint agus scaipeadh. | An tÚdarás um Ardoideachas/<br>Institiúidí Ardoideachais<br>An tÚdarás um Ardoideachas | Fóraim/seimineáir ar siúl, 2016-19.<br>Taighde coimisiúnaithe agus críochnaithe in 2016-17. |
| 3.8 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí cáilíochtúla dul chun cinn ar theacht atá i bhfeidhm cheana in IAnna, agus comhairle a chur ar an ÚAO ar chreat a fhorbairt le tacú le dea-chleachtas. | Athbhreithniú ar tháscairí cáilíochtúla mar chuid de phróiseas an idirphlé straitéisigh.<br>Forbrófar creat le tacú le dea-chleachtas agus é bunaithe ar an athbhreithniú seo agus fianaise eile. | An tÚdarás um Ardoideachas/ Institiúidí Ardoideachais<br>An tÚdarás um Ardoideachas | Athbhreithniú ar tháscairí, 2016.<br>Creat forbartha, 2017. |

[31] Forbraíodh an sprioc agus na cuspóirí seo de bhun phrionsabail iii agus vi, rannán 3.2.
[32] An ÚAO, *Faighteoirí Deontais do Mhic Léinn le haghaidh Bhliain Acadúil 2013/14.*

[33] Líonra atá éascaithe ag an ÚAO de dhaoine atá ag déanamh taighde ar théamaí atá bainteach le teacht ar ardoideachas, comhionannas agus ceisteanna foghlama ar feadh an tsaoil, polasaithe agus cleachtas. Féach ar ÚAO (2013), *Cé Chomh Cothrom? Teacht ar Ardoideachas in Éirinn.*

## 4.4 **Sprioc 4:** Conairí comhleanúnacha a fhorbairt ó bhreisoideachas agus bealaí iontrála eile go hardoideachas a chothú

Tá an teacht ar ardoideachas in Éirinn dírithe go rómhór ar an bpointe fágála scoile, agus baineann an sprioc seo leis na deiseanna iontrála san ardoideachas a leathnú. Díríonn an sprioc seo go háirithe ar dheiseanna le haghaidh aistriú ó bhreisoideachas go hardoideachas, agus socraíonn sí sprioc 10% de na hiontrálaithe nua san ardoideachas a bheith ag teacht ón earnáil bhreisoideachais faoi 2019.[34] Tá sé seo i gcomhréir leis an sprioc le haghaidh dul chun cinn sa bhreisoideachas atá san áireamh sa *Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna, 2014–2019*, rud a bhí foilsithe ag SOLAS.[35]

Chomh maith le hiontráil dhíreach ó bhreisoideachas go hardoideachas, cuirfidh na braislí réigiúnacha an comhthéacs ar fáil le haghaidh comhoibriú níos dlúithe idir IBanna agus IAnna. Ba chóir go gcuimseodh sé seo comhpháirtíocht ag leibhéal na mbraislí réigiúnacha i bhforbairt agus soláthar teachta ar ardoideachas agus bunchúrsaí ag Ibanna.

### Sprioc 4: Achoimre ar chuspóirí agus gníomhartha

| | Cuspóir | Gníomh | Príomhfhreagracht | Príomhtháscairí feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 | To support a more coherent and systematic approach by institutions (working within their regional clusters) providing different pathways and supporting the transition to higher education.Tacú le cur chuige níos comhleanúnaí agus córasaí ag institiúidí (ag obair taobh istigh dá mbraislí réigiúnacha) a chuirfidh conairí difriúla ar fáil agus a thacóidh leis an aistriú go hardoideachas. | Mar a comhaontaíodh i gcomhshocruithe 2014–16, déanfar léarscáiliú ar gach braisle réigiúnach agus forbrófar conairí soiléire do mhic léinn, lena n-áireofar iad siúd idir breisoideachas agus ardoideachas, chomh maith le conairí malartacha eile. | Braislí Réigiúnacha<br><br>IAnna/CCÉ/SOLAS/BO Onna | Léarscáiliú tosaigh na gconairí go léir a thacaíonn le hiontráil isteach i gcláir d'fhochéimithe i ngach aon bhraisle a bhíonn seolta isteach ag IAnna chuig an ÚAO in 2015.<br><br>Foilseoidh an ÚAO torthaí anailíse in 2016 mar chuid de thuarascáil fhoriomlán ar fheidhmíocht na gcóras. |
| 4.2 | Polasaí um Fhoghlaim Roimhe Seo a Aithint (FRSA) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála ardoideachais. | Cuirfidh gach IA polasaí FRSA i bhfeidhm agus déanfaidh siad teagmháil le CCÉ maidir le forbairt creat foriomlán náisiúnta FRSA. | IAnna/CCÉ/ROS | Dul chun cinn IA a athbhreithniú sa phróiseas idirphlé straitéisigh. |
| 4.3 | Cinntiú go mbíonn céimithe breisoideachais ó spriocghrúpaí cáilithe le haghaidh bealaí teachta forlíontacha ar an mbonn céanna le hiarrthóirí na hArdteiste. | Na scéimeanna BTA agus BTMO a leathnú, i gcomhar le páirtithe leasmhara, chun cuimsiú céimithe breisoideachais a cheadú. | IAnna/BTA/BTMO | Céimithe breisoideachais ag gabháil d'ardoideachas trí na scéimeanna BTA agus BTMO faoi fhómhar 2016. |
| 4.4 | Teacht ar na gairmeacha, cúrsaí pointí arda agus cúrsaí iarchéime ag mic léinn ó na spriocghrúpaí a mhéadú. | Athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise ar theacht ag spriocghrúpaí ar dhisciplíní gairmiúla agus cúrsaí pointí arda.<br><br>Moltaí a fhorbairt chun méadú a dhéanamh ar theacht spriocghrúpaí ar na gairmeacha agus cúrsaí pointí arda. | An tÚdarás um Ardoideachas/<br><br>Institiúidí Ardoideachais | Tuarascáil agus moltaí faoi 2017.<br><br>Spriocanna san áireamh san athbhreithniú meántéarma ar *an bPlean Náisiúnta Rochtana.* |
| 4.5 | IBanna agus IAnna le bheith ag obair i gcomhar le chéile chun cúrsaí teachta agus bonnchúrsaí a fhorbairt a chuirfear ar fáil trí bhreisoideachas. | IAnna le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur ar fáil cúrsaí teachta agus bunchúrsaí i gcomhar le IBanna mar chuid d'obair chun conairí a fhorbairt do mhic léinn taobh istigh de bhraislí réigiúnacha. | IAnna/IBanna | Cúrsaí teachta agus bunchúrsaí le bheith curtha ar fáil i gcomhar idir IBanna agus IAnna agus iad á dtairiscint tríd an earnáil bhreisoideachais faoi 2019. |

[34] Tá prionsabail iv, rannán 3.2 mar bhonn agus taca ag an sprioc agus na gníomhartha seo.
[35] An ROS agus SOLAS, *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna*, lch. 106.
[36] Conairí seachas an Ardteistiméireacht nó iad siúd a bhíonn á leanúint ag mic léinn idirnáisiúnta.



## 4.5 **Sprioc 5:** Straitéisí comhpháirtíochta réigiúnacha agus pobail a fhorbairt le haghaidh teacht méadaithe ar ardoideachas, le béim ar leith ar mheantóireacht

I gcás na bpobal a bhfuil leibhéil mheánacha a rannpháirtíochta san ardoideachas níos ísle ná an chuid eile den daonra i láthair na huaire, creidimid gur féidir le tionscnaimh spriocdhírithe cur go háirithe le glacadh oideachais níos mó a spreagadh. Ba chóir a leithéid de thionscnaimh a fhorbairt i gcomhar leis na pobail, agus anailís dhomhain á déanamh ar na sonraí go léir atá ar fáil go háitiúil a chumasaíonn tuiscint níos fearr ar na grúpaí socheacnamaíocha sna pobail, agus ba chóir freagra cuí a thabhair dá réir ar a riachtanais shainráite.

Cuireann bunú na mbraislí réigiúnacha agus na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁnna) sna cathracha agus sna contaetha deis ar fáil chun a leithéid de thionscnaimh a sheoladh agus tacú leo. Is gnách go mbíonn daoine ar a leithéid de choistí a bhaineann le réimse leathan sainleasanna pobail áitiúil, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit eile, comhlachtaí áitiúla agus pobail, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, IAnna san áireamh. Ba chóir go mbeadh cuid nó gach ceann de na heilimintí nó saintréithe seo a leanas ag baint le tionscnaimh nó straitéisí a eascraíonn óna leithéid de theagmhálacha.[37]

- Bealach cuir chuige 'ar feadh an oideachais go léir' i leith teachta.
- Cur in iúl luach an ardoideachais.
- Eolas soiléir a chur ar fáil ar chonairí oideachais.
- Atreisiú theagmháil na IAnna le pobail agus páirtithe leasmhara eile.
- Úsáid meantóirí/eiseamláirí ó na pobail féin – le cur ar chumas na ndaltaí cinntí eolacha a dhéanamh faoina roghanna oideachais tar éis meánscolaíochta.
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí agus múinteoirí mar phríomhchomhairleoirí do dhaltaí.

Tá roinnt cláir mheantóireachta rathúla tar éis teacht chun cinn ar fud na tíre, agus cuirfidh siad seo le forbairt teimpléid dá leithéid de chláir go náisiúnta.

### Sprioc 5: Achoimre ar chuspóirí agus gníomhartha

| | Cuspóir | Gníomh | Príomhfhreagracht | Príomhtháscairí feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| 5.1 | Straitéisí a fhorbairt chun teacht ar ardoideachas i bpobail ina bhfuil leibhéil ísle rannpháirtíochta a mhéadú. | Bunófar tionscnaimh áitiúla phíolótacha i gcomhthéacs na mbraislí nua réigiúnacha agus na CFPÁnna d'fhonn teacht ar agus rannpháirtíocht san ardoideachas a mhéadú. | IAnna/ÚAO/ROS | Glao ar thograí ag an ÚAO, 2016.<br><br>Tús na dtionscadal, 2016.<br><br>Athbhreithniú ar thionscadail phíolótacha, 2018.<br><br>Líon méadaithe mac léinn ó sprioc-cheantair, 2019. |
| 5.2 | Na naisc idir institiúidí ardoideachais agus pobail áitiúla a neartú. | Cur i bhfeidhm straitéisí teagmhála sibhialta ag gach IA/braisle réigiúnach.<br><br>Ba chóir dóibh seo a bheith san áireamh i gcuspóirí na gcomhshocruithe. | IAnna | Tuarascáil ar chomhshocruithe in 2015. |
| 5.3 | Cláir agus tionscnaimh mheantóireachta a fhorbairt do dhaltaí ag an dara leibhéal de réir braislí réigiúnacha i gcomhar le meánscoileanna, lucht fiontraíochta agus grúpaí pobail. | Scrúdaíonn braislí réigiúnacha agus tascfhórsaí áitiúla scóip le haghaidh mhéadú an tsoláthair faoi láthair. Aithneoidh agus scaipfidh an ÚAO an cleachtas is fearr. | IAnna/braislí réigiúnacha | Cláir i 50% de na scoileanna DEIS (2017), 75% (2019).<br><br>*Tabhair do d'aire: is táscaire é seo agus ní thugann sé le fios gur chóir scoileanna eile a fhágáil as an áireamh.* |

[37] Forbraíodh an sprioc agus na gníomhartha seo de bhun bhunphrionsabail i, ii agus v, rannán 3.2.

# 5

# SPRIOCANNA LE HAGHAIDH RANNPHÁIRTÍOCHT MHÉADAITHE: 2015–2019

# 5. Spriocanna le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe: 2015–2019

## 5.1 Na grúpaí faoi ghannionadaíocht atá mar sprioc

Ar feadh tréimhse cúig bliana an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo, tá an ÚAO agus an ROS tiomanta do rannpháirtíocht a mhéadú san ardoideachas ag grúpaí a bhí faoi ghannionadaíocht go dtí seo. Is iad na spriocghrúpaí ar leith ná:

- Iontrálaithe ó ghrúpaí socheacnamaíocha nach mbíonn mórán dá líon páirteach san ardoideachas.
- Iontrálaithe céaduaire, atá ina mic léinn lánfhásta.
- Mic léinn faoi mhíchumas.
- Foghlaimeoirí páirtaimseartha/solúbtha.
- Sealbhóirí dámhachtainí breisoideachais.
- Lucht Siúil na hÉireann.

Tá cur síos ar spriocanna rannpháirtíochta méadaithe na ngrúpaí seo go léir i gcodanna 5.2– 5.7 thíos. Tá roinnt táscairí breise tagarmharcála socraithe againn chomh maith lena ndéanfaimid tomhas ar fhás ar rannpháirtíocht i rith thréimhse an *Phlean Náisiúnta Rochtana* – tá cur síos orthu seo i gcuid 5.8.

### Cén fáth a socraítear spriocanna?

Cabhraíonn spriocanna soiléire leis an ÚAO agus an ROS measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn in institiúidí ar leith agus go náisiúnta; agus cabhraíonn sé leis na hinstitiúidí gníomhartha praiticiúla a dhéanamh chun rochtain a chur chun cinn i measc na spriocghrúpaí. Tá na spriocanna uaillmhianacha socraithe againn le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe i measc na spriocghrúpaí, ach is féidir iad a bhaint amach. Bunaíodh iad trí thagairt do *Phlean Rochtana Náisiúnta, 2008-2013* agus baineann siad leas as ár n-anailís ar an éileamh ar ardoideachas sna cúig bliana amach romhainn. Rinneadh comhairliúchán mionsonraithe orthu chomh maith le páirtithe leasmhara san earnáil ardoideachais agus sa phobal i gcoitinne. Bhí siad mar chúlra plé faoi chothromas teachta le IAnna ag cruinnithe idirphlé straitéisigh agus i gcomhaontú chomhshocruithe agus phróifílí na IAnna ó 2014-2016.

Déanann na sonraí maidir le rannpháirtíocht de réir grúpa socheacnamaíoch, contae agus postcheantair i mBaile Átha Cliath, déanann siad tagairt do 2011–12; baineann na sonraí eile go léir le 2012-13.

Ní áiríonn na rátaí agus spriocanna rannpháirtíochta sa Phlean seo maidir le grúpa socheacnamaíoch ach iontrálaithe nua fochéime atá 18-20 bliain d'aois mar chomhréir díobh siúd ón aoisghrúpa sin sa daonra náisiúnta níos leithne. Is é an sprioc náisiúnta reatha maidir le rannpháirtíocht fhoriomlán san ardoideachas (iontrálaithe atá ina mic léinn lánfhásta san áireamh) ná 72% faoi 2020.[38] Bhí an sprioc seo socraithe in 2007 agus tá sí faoi athbhreithniú mar chuid d'fhorbairt straitéis náisiúnta nua scileanna.

### Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn

Déanfar athbhreithniú meántéarma ar na spriocanna náisiúnta in 2017. Déanfaidh sé seo measúnú ar dhul chun cinn i gcomparáid le spriocanna agus déanfaidh sé breithniú chomh maith ar an gcaoi ar féidir iad seo a mhíniú nó a fhorbairt tuilleadh, go háirithe i bhfianaise sonraí nua nó feabhsaithe a d'fhéadfaí a chur ar fáil i rith chúrsa an Phlean.

38 An Grúpa Saineolach ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo (2007), *Scileanna an Lae Amáraigh – I dTreo Straitéis Náisiúnta Scileanna*, lch. 2.

## 5.2 Rannpháirtíocht san ardoideachas ag daoine faoi mhíbhuntáiste constaicí socheacnamaíocha

| | Faoi Láthair | **Sprioc** |
|---|---|---|
| Grúpa oibrithe neamhláimhe (céatadán den chohórt 18-20) | 23% | **30%** |
| An grúpa oibrithe leamhoilte/neamhoilte láimhe* (céatadán den chohórt 18-20) | 26% | **35%** |

* An grúpa oibrithe talmhaíochta san áireamh

Tá spriocanna socraithe chun rannpháirtíocht san ardoideachas a mhéadú i measc na ngrúpaí socheacnamaíocha sin atá faoi ghannionadaíocht san earnáil go fóill. Ó thaobh uimhreacha de, léireoidh na spriocanna seo méadú thart ar 1,500 iontrálaí nua ar líon na mac léinn sna grúpaí sin sna cúig bliana amach romhainn. Is é an bunús atá leo seo ná comparáid idir sonraí iontrálacha ardoideachais agus sonraí daonáirimh ar fud grúpaí difriúla sóisialta. Deimhníonn sé seo go bhfuil cuid de na grúpaí sin faoi ghannionadaíocht go mór san ardoideachas go fóill i gcomparáid lena líon sa daonra náisiúnta i gcoitinne.[39] Tá cuspóir socraithe ag polasaithe Eorpacha agus Éireannacha oideachais go gcaithfidh go mbeidh léiriú níos fearr ar éagsúlacht dhaonra na hÉireann i ndaonra na mac léinn.[40]

## 5.3 Rannpháirtíocht mic léinn lánfhásta 'céaduaire' san ardoideachas

| | Faoi Láthair | **Sprioc** |
|---|---|---|
| Iontrálaithe lánaimseartha lánfhásta san ardoideachas (céatadán na n-iontrálaithe nua go léir) | 13% | **16%** |
| Iontrálaithe lánfhásta lánaimseartha agus páirtaimseartha/solúbtha (le chéile) (céatadán na n-iontrálaithe nua go léir) | 19% | **24%** |

Sainmhínítear mic léinn lánfhásta in Éirinn mar dhaoine atá 23 bliain d'aois nó os a chionn ar 1 Eanáir i mbliain a n-iontrála san ardoideachas. Tá sé mar pholasaí náisiúnta teachta ó 2005 tacaíocht a dhíriú ar na mic léinn lánfhásta sin nár bhain leas roimhe seo as ardoideachas agus a fhreastalaíonn ar choláiste chun cúrsa lánaimseartha a chríochnú. Ach ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar thábhacht na ndeiseanna foghlama páirtaimseartha agus solúbtha do mhic léinn lánfhásta agus laghdú ar líon na ndaoine atá ag lorg roghanna lánaimseartha, tá sprioc náisiúnta socraithe againn chomh maith le haghaidh rannpháirtíocht lánaimseartha agus pháirtaimseartha le chéile. Sainmhínítear rannpháirtíocht pháirtaimseartha/sholúbtha san ardoideachas mar rannpháirtíocht a mbíonn níos lú ná 60 creidmheas in aghaidh na bliana acadúla mar thoradh uirthi. Ó thaobh uimhreacha de, is ionann na figiúirí céatadán sprice seo agus méadú thart ar 3,500 iontrálaí atá ina mic léinn lánfhásta (lánaimseartha agus páirtaimseartha/solúbtha) sna cúig bliana amach romhainn.

39 Féach ar Aguisín A.2.
40 An ROS , *Creat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais*, lch. 5.

## 5.4 Rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas san ardoideachas

| | Faoi Láthair | Sprioc |
|---|---|---|
| Mic léinn faoi mhíchumas mar chéatadán de na hiontrálaithe nua go léir san ardoideachas | 6% | **8%** |
| Líon na mac léinn* faoi mhíchumas coirp/soghluaisteachta | 390 | **570** |
| Líon na mac léinn* atá bodhar/ar lagéisteacht | 210 | **280** |
| Líon na mac léinn* atá dall/atá ar lagamharc | 140 | **200** |

*Gach mac léinn lánaimseartha a fhaigheann airgead ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Díríodh ar thrí ghrúpa faoi ghannionadaíocht i measc an phobail faoi mhíchumas i b*Plean Náisiúnta 2008–2013* – iad siúd atá faoi mhíchumas coirp, céadfaíoch agus de chineálacha éagsúla. I gcás an *Phlean Náisiúnta Rochtana* atá ann faoi láthair, leanfaimid den chur chuige dírithe seo, agus socróimid sprioc fhoriomlán chomh maith le haghaidh iontráil daoine faoi mhíchumas – i bhfianaise shonraí Daonáirimh 2011 agus sonraí cothromas teachta an ÚAO. Chomh maith leis sin, déanfar monatóireacht ar shonraí bonnlíne ar líon na mac léinn faoi mhíchumas san oideachas dara leibhéal. Ó thaobh uimhreacha de, is ionann an sprioc chéatadáin agus méadú thart ar 1,200 ar líon na n-iontrálaithe nua fochéime faoi mhíchumas sna cúig bliana amach romhainn.

Cé go bhfuil spriocanna ar leith ann le haghaidh na mac léinn a bhfuil cineálacha áirithe míchumais orthu, tá an ÚAO agus an ROS tiomanta do leanúint de thacú le mic léinn i gcatagóirí eile míchumais (mar shampla, mic léinn faoi mhíchumas foghlama, a bhfuil riochtaí meabhairshláinte nó néareolaíocha ag baint leo) agus do chinntiú gur féidir le gach mac léinn faoi mhíchumas teacht ar agus páirt a ghlacadh in ardoideachas ar bhealach cothrom.

## 5.5 Rannpháirtíocht in ardoideachas páirtaimseartha/solúbtha

| | Faoi Láthair | Sprioc |
|---|---|---|
| Céatadán na mac léinn atá ag staidéar ar bhonn páirtaimseartha/solúbtha (iad go léir ina bhfochéimithe agus ina n-iarchéimithe) | 19% | **22%** |

Sainmhínítear rannpháirtíocht pháirtaimseartha/sholúbtha san ardoideachas mar rannpháirtíocht i gclár ina bhfuil níos lú ná 60 creidmheas ar fáil in aghaidh na bliana acadúla, agus baineann an sprioc atá léirithe anseo le rannpháirtíocht in ardoideachas páirtaimseartha/solúbtha i measc mhic léinn na n-aoisghrúpaí agus na gcúlraí go léir. Is príomhchuspóir maidir le hathchóiriú é dul chun cinn sa réimse seo sa *Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030*.

Ó thaobh uimhreacha de, is ionann na figiúirí céatadáin seo agus méadú thart ar 11,000 foghlaimeoir páirtaimseartha agus solúbtha (iomlán na mac léinn cláraithe) sna cúig bliana amach romhainn.

## 5.6 Sealbhóirí cáilíochtaí breiseoideachais ag dul ar aghaidh go hardoideachas

| | Faoi Láthair | Sprioc |
|---|---|---|
| Céatadán na n-iontrálaithe nua san ardoideachas a raibh cáilíocht bhreisoideachais mar bhonn lena n-iontráil | 6.6% | **10%** |

Bhí an sprioc le haghaidh dul chun cinn ó bhreisoideachas go hardoideachas socraithe sa *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna, 2014–2019*, rud a bhí foilsithe anuraidh ag SOLAS.[41] Tacóidh comhoibriú idir CCÉ, SOLAS agus an ÚAO, agus obair Braislí Réigiúnacha ar fhorbairt conairí idir an breisoideachas agus an t-ardoideachas le baint amach na sprice seo.

Ó thaobh uimhreacha de, is ionann an sprioc seo agus méadú thart ar 2,000 ar líon na mac léinn iontrála nua a théann ar aghaidh go hardoideachas ar bhonn a ndámhachtain bhreisoideachais sna cúig bliana amach romhainn.

## 5.7 Rannpháirtíocht Lucht Siúil na hÉireann san ardoideachas

| | Faoi Láthair | Sprioc |
|---|---|---|
| Líon Lucht Siúil na hÉireann san ardoideachas (iontrálaithe nua fochéime lánaimseartha agus páirtaimseartha) | 35 | **80** |

Seo an chéad uair a socraíodh sprioc náisiúnta le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe san ardoideachas ag daoine ó Lucht Siúil na hÉireann. Bhí an gá lena leithéid de sprioc aitheanta i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha an Lucht Siúil agus le daoine den Lucht Siúil ar éirigh leo teacht ar bhreisoideachas agus ardoideachas in Éirinn.

Ós rud é nach bhfuil ach líon beag de dhaltaí an Lucht Siúil ag teacht ar ardoideachas gach bliain (0.1% de na hiontrálaithe), tá sprioc uimhriúil seachas sprioc chéatadáin á beartú.

## 5.8 Táscairí breise

I measc na bpointí a ardaíodh (go háirithe ag oifigigh teachta) i rith phróiseas an chomhairliúcháin, bhí an gá le cur chuige níos mínithe ina bhfuil táscairí éagsúla ar an gcaoi a rachaimid i ngleic le réimsí éagsúla míbhuntáiste. Agus tá gá againn le forbairt bhreise córas chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú mar chuid de straitéis sonraí ardoideachais níos leithne le cabhrú leis an gcuspóir seo a bhaint amach. Sna cúig bliana amach romhainn tá sé beartaithe againn go gcuirfidh roinnt táscairí breise le cur i bhfeidhm an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo agus athbhreithnithe ar dhul chun cinn, in éineacht leis na príomhspriocanna a bhfuil cur síos orthu thuas; cuimsíonn siad seo na nithe seo a leanas:

**Iontráil san ardoideachas ag daltaí a d'fhreastail ar scoileanna DEIS**. Tugann anailís a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna le fios go ndeachaigh 24% de mhic léinn a chríochnaigh an dara bliain den timthriall sinsearach i scoileanna DEIS ar aghaidh go hardoideachas, i gcomparáid le 50% sna scoileanna go léir.[42] Is ionann scoileanna DEIS agus 12% de na hiontrálaithe ardoideachais, agus tháinig 8% díobh sin ó cheantair thuaithe agus 4% ó cheantair uirbeacha.[43]

**Mic léinn a fhaigheann an ráta speisialta deontais.** Baineann mic léinn a ghabhann d'ardoideachas agus a fhaigheann an ráta speisialta deontais le cúlraí ina bhfuil spleáchas fadtéarmach ar choimirce shóisialach. Tá TCMLÉ agus an ÚAO ag obair ar mheicníochtaí nua a fhorbairt chun sonraí a roinnt agus a anailísiú.

**Sonraí bunaithe ar phostchóid.** I rith théarma an *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo, fiosróimid conas a d'fhéadfadh an córas nua postchód (rud a seoladh in Iúil 2015) cabhrú linn díriú ar chodanna d'Éirinn ina bhfuil rátaí ísle rannpháirtíochta san ardoideachas. Leanfaimid de mhonatóireacht a dhéanamh roimhe sin ar rannpháirtíocht de réir phostchóid Bhaile Átha Cliath.

41 An ROS agus SOLAS, *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna.*

42 An ROS (2013), *Lucht Críochnaithe Scolaíochta – Céard a Dhéanfar Anois? Tuarascáil ar Lucht Críochnaithe Scolaíochta ó Mheánscoileanna – daltaí cláraithe in 2009/2010 agus ní in 2010/2011*, lch. 12.

43 An tÚdarás um Ardoideachas, *I dTreo Plean Nua Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas a Fhorbairt*, lch. 21.

# 6

# MEASÚNACHT AGUS TOMHAS

# 6. Measúnacht agus tomhas

## 6.1 Idirphlé straitéiseach – príomh-mheicníocht le haghaidh athbhreithniú ar fheidhmíocht IA maidir le cothromas teachta

Tugann an ÚAO ar gach IA straitéis a chur i bhfeidhm le haghaidh cothromas teachta ar ardoideachas agus méadraigh agus bealaí cuir chuige measúnachta gaolmhara a bheith acu.

Mar chuid den phróiseas bliantúil idirphlé straitéisigh, déanfaidh an ÚAO athbhreithniú foirmiúil ar fheidhmíocht gach IA i gcomparáid lena spriocanna comhaontaithe. Maidir le cothromas teachta, caithfidh IAnna a bheith in ann na céimeanna atá á nglacadh acu chun an tosaíocht náisiúnta um chothromas teachta a chur chun cinn a léiriú (rudaí atá sonraithe i g*Creat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais, 2014–2016*), chomh maith leis an gcaoi a bhfuil siad ag cur leis na cuspóirí agus spriocanna atá leagtha amach sa *Phlean Náisiúnta Rochtana* seo. Leithdháilfidh an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú feidhmíochta ar bhonn thoradh na n-athbhreithnithe seo.

Oibreoidh an ÚAO le IAnna (lena n-áirítear na cinn siúd atá páirteach i scéimeanna BTA agus BTMO) tríd an idirphlé straitéiseach agus próiseas comhaontaithe na gcomhshocruithe chomh maith, le cinntiú go bhfuil ionadaíocht níos cothroime ag mic léinn ó spriocghrúpaí agus spriocphobail ar fud na ndisciplíní agus na ngairmeacha éagsúla.

### Athbhreithniú meántéarma

Déanfar athbhreithniú meántéarma ar an *bPlean Náisiúnta Rochtana* seo in 2017. Déanfaidh sé seo measúnú ar dhul chun cinn i gcomparáid le spriocanna agus cuspóirí an Phlean Náisiúnta Rochtana agus breithniú ar an gcaoi a bhféadfaí iad seo a mhíniú nó a fhorbairt tuilleadh, go háirithe i bhfianaise tionscnamh agus sonraí níos fearr a chuirtear ar fáil.

### Fóraim Bhliantúla

Maidir le gach ceann de bhlianta an Phlean, beidh fóram bliantúil ar siúl chomh maith chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta faoin bPlean do pháirtithe leasmhara. Beidh an chéad fhóram ar siúl in 2016.



# A

## Aguisín A: Táblaí agus cairteacha sonraí

# AGUISÍNÍ

# Aguisín A: Táblaí agus cairteacha sonraí

## A.1 Rátaí measta rannpháirtíochta náisiúnta faoi láthair (gach spriocghrúpa)

| | Céatadán |
|---|---|
| Ráta measta náisiúnta rannpháirtíochta (iontrálaithe nua 18–20 bliain d'aois) | 52% |
| | |
| **Rátaí measta rannpháirtíochta spriocghrúpaí** | |
| Grúpa oibrithe neamhláimhe (iontrálaithe nua 18–20 bliain) mar chéatadán den daonra | 23% |
| Grúpa oibrithe láimhe leamhoilte/neamhoilte agus oibrithe talmhaíochta (iontrálaithe nua 18-20 bliain d'aois) mar chéatadán den daonra | 26% |
| Iontrálaithe lánfhásta (lánaimseartha) mic léinn mar chéatadán de na hiontrálaithe nua | 13% |
| Iontrálaithe lánfhásta (lánaimseartha agus páirtaimseartha) mic léinn mar chéatadán de na hiontrálaithe nua | 19% |
| Mic léinn faoi mhíchumas mar chéatadán de na hiontrálaithe nua | 6% |
| Mic léinn sholúbtha agus pháirtaimseartha mar chéatadán de na mic léinn chláraithe go léir (fochéimithe agus iarchéimithe) | 19% |
| Iontrálaithe ligthe isteach mar gheall ar dhámhachtain bhreisoideachais mar chéatadán de na hiontrálaithe nua | 6.6% |
| Daoine de Lucht Siúil na hÉireann mar chéatadán de na hiontrálaithe nua | 0.1% |

Tagtar ar an ráta measta rannpháirtíochta náisiúnta trí líon iontrálaithe nua fochéime na chéad bhliana (18–20 bliain d'aois) a roinnt ar mheán an chohóirt aoise bhaintigh (17–19 bliain d'aois) sa daonra náisiúnta ó Dhaonáireamh 2011.

Is é seo an modh a úsáidtear chomh maith chun rannpháirtíocht náisiúnta a ríomh de réir grúpa socheacnamaíoch.

Ríomhtar rátaí rannpháirtíochta spriocghrúpaí eile mar chéatadán de na hiontrálaithe nua.

## A.2 Cúlra socheacnamaíoch iontrálaithe nua in ardoideachas in 2011 (18–20 bliain d'aois)

| Grúpa socheacnamaíoch | An daonra ginearálta, 17-19 mbliana d'aois, líon agus % | Iontrálaithe nua, 18-20 bliain d'aois, líon agus % | Ráta measta rannpháirtíochta |
|---|---|---|---|
| Fostóirí agus bainisteoirí | 10,531 (19%) | 6,617 (23%) | 64% |
| Gairmí níos airde | 3,222 (6%) | 3,842 (13%) | 119% |
| Gairmí níos ísle | 6,790 (12%) | 3,229 (11%) | 48% |
| Oibrithe neamhláimhe | 13,976 (25%) | 3,154 (11%) | 23% |
| Oibrithe oilte láimhe | 7,429 (13%) | 3,800 (13%) | 51% |
| Oibrithe leathoilte | 7,531 (13%) | 1,840 (6%) | 24% |
| Oibrithe neamhoilte | 3,064 (5%) | 751 (3%) | 25% |
| Oibrithe a gcuntais féin | 1,963 (3%) | 2,860 (10%) | 146% |
| Feirmeoirí | 1,620 (3%) | 2,692 (9%) | 166% |
| Oibrithe talmhaíochta | 470 (1%) | 280 (1%) | 60% |
| Total | 56,596 (100%) | 29,164 (100%) | 52% |

Léiríonn an tábla seo cúlra socheacnamaíoch na n-iontrálaithe nua (sa réimse aoise 18–20) go hardoideachas in 2011. Léiríonn sé líonta gach grúpa shocheacnamaíoch sa daonra ginearálta mar chomparáid chomh maith.

- Baineann na figiúirí daonra ghinearálta leo siúd atá 17–19 bliain d'aois i ngach aon ghrúpa socheacnamaíoch sa daonra ginearálta mar a bhí comhairthe i nDaonáireamh 2011. Déantar talamh slán de go mbeidh an t-aoisghrúpa seo bliain níos sine (.i. 18–20) faoin am a bheidh siad ag gabháil d'ardoideachas.
- Baineann figiúirí na n-iontrálaithe nua le daoine atá 18–20 bliain d'aois i ngach aon ghrúpa socheacnamaíoch atá ina n-iontrálaithe fochéime sa chéad bhliain ardoideachais – tógadh na sonraí seo ó shonraí Shuirbhé an ÚAO ar Theacht Cothrom.
- Tagtar ar na rátaí measta rannpháirtíochta maidir le gach grúpa socheacnamaíoch trí líon na n-iontrálaithe nua fochéime (atá 18–20 bliain d'aois) sa chéad bhliain i ngach aon ghrúpa socheacnamaíoch a roinnt ar líon na ndaoine sa chohórt aoise 17-19 mbliana d'aois le haghaidh an ghrúpa shocheacnamaíoch sin sa daonra náisiúnta ó Dhaonáireamh 2011.

Maidir le figiúirí an daonra ghinearálta agus iontrálaithe nua, tá na daoine siúd nach bhfuil a ngrúpa socheacnamaíoch ar eolas dáilte arís ar ghrúpaí eile trí mhodheolaíocht a forbraíodh le haghaidh *Cé na Daoine a d'Fhreastail ar Choláiste in 2004* (an ÚAO, 2006). As an ngrúpa anaithnid, tá 40% acu dáilte pro rata i measc na ngrúpaí socheacnamaíocha neamhláimhe agus tá 60% acu dáilte pro rata i measc na ngrúpaí socheacnamaíocha láimhe.

Ach tá roinnt aimhrialtachtaí staidrimh ann, áfach – mar shampla, tá rátaí measta rannpháirtíochta grúpaí socheacnamaíocha áirithe os cionn 100%. Is é an chúis atá leis seo ná go bhfuil comparáid á déanamh idir dhá thacar sonraí éagsúla agus gur bailíodh iad seo ag pointí difriúla ama agus ó dhaoine éagsúla. D'fhéadfadh mac léinn tuairisciú go mbaineann sí le grúpa socheacnamaíoch amháin (i bhfianaise gairm tuismitheora amháin, fad is atá tuairisc dhifriúil ar a teaghlach sa Daonáireamh (i bhfianaise ghairm an tuismitheora eile). Tá difríochtaí áirithe i gceist chomh maith sa chaoi a ndáiltear na daoine siúd sa ghrúpa socheacnamaíoch 'anaithnid'. Ar na cúiseanna seo go léir, ní thugann anailís chomparáideach ar an dá ghrúpa ach rátaí rannpháirtíochta *measta* dúinn.

## A.3 Rannpháirtíocht de réir ceantar geografach

### A.3.1 Rannpháirtíocht mheasta de réir contae

Baineann na sonraí anseo le hiontrálaithe nua fochéime céaduaire a bhí 18–20 bliain d'aois i mbliain acadúil 2011/12 mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine sa chohórt aoise sin.


Nuair a fhágtar iontrálaithe nua in IAnna i dTuaisceart Éireann as an áireamh, tá na céatadáin shlánaithe mar an gcéanna i gcás na gcontaetha go léir seachas: An Cabhán (46%), Dún na nGall (41%), Liatroim (60%), Lú (46%) agus Muineachán (54%).

| | Ráta measta rannpháirtíochta (Tuaisceart Éireann san áireamh) |
|---|---|
| Iomlán an Stáit | 51.5% |
| Ceatharlach | 55% |
| An Cabhán | 47% |
| An Clár | 59% |
| Corcaigh | 58% |
| Dún na nGall | 44% |
| Baile Átha Cliath | 47% |
| Gaillimh | 60% |
| Ciarraí | 54% |
| Cill Dara | 47% |
| Cill Chainnigh | 53% |
| Laois | 41% |
| Liatroim | 61% |
| Luimneach | 51% |
| An Longfort | 50% |
| Lú | 47% |
| Maigh Eo | 60% |
| An Mhí | 49% |
| Muineachán | 58% |
| Uíbh Fhailí | 45% |
| Ros Comáin | 59% |
| Sligeach | 58% |
| Tiobraid Árann | 51% |
| Port Láirge | 56% |
| An Iarmhí | 51% |
| Loch Garman | 49% |
| Cill Mhantáin | 53% |

### A.3.2 Rannpháirtíocht Mheasta de réir phostcheantair Bhaile Átha Cliath


Baineann na sonraí anseo le hiontrálaithe nua fochéime céaduaire a bhí 18–20 bliain d'aois i mbliain acadúil 2011/12 mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine sa chohórt aoise sin.

| | Ráta measta rannpháirtíochta |
|---|---|
| Iomlán Bhaile Átha Cliath | 47% |
| Contae Bhaile Átha Cliath | 53% |
| Baile Átha Cliath 1 | 23% |
| Baile Átha Cliath 2 | 26% |
| Baile Átha Cliath 3 | 60% |
| Baile Átha Cliath 4 | 84% |
| Baile Átha Cliath 5 | 47% |
| Baile Átha Cliath 6 | 99% |
| Baile Átha Cliath 6w | 82% |
| Baile Átha Cliath 7 | 41% |
| Baile Átha Cliath 8 | 28% |
| Baile Átha Cliath 9 | 55% |
| Baile Átha Cliath 10 | 16% |
| Baile Átha Cliath 11 | 28% |
| Baile Átha Cliath 12 | 37% |
| Baile Átha Cliath 13 | 36% |
| Baile Átha Cliath 14 | 76% |
| Baile Átha Cliath 15 | 47% |
| Baile Átha Cliath 16 | 79% |
| Baile Átha Cliath 17 | 15% |
| Baile Átha Cliath 18 | 58% |
| Baile Átha Cliath 20 | 32% |
| Baile Átha Cliath 22 | 26% |
| Baile Átha Cliath 24 | 29% |




## A.4 Mic léinn lánfhásta (iontrálaithe nua)

Iontrálaithe lánfhásta (23+ bliain d'aois) mar chéatadán de na hiontrálaithe lánaimseartha nua fochéime go léir,1986-2012




## A.5 Mic léinn faoi mhíchumas

A.5.1 Líon iomlán na mac léinn ardoideachais ar thacaigh an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas leo, 2003–2013





A.5.2 Líonta na mac léinn ardoideachais ar thacaigh an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas leo, 2003–2013, de réir catagóir mhíchumais

| | Líon na mac léinn | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir míchumais** | **2003** | **2006** | **2009** | **2012** | **2013** |
| Deacrachtaí foghlama ar leith | 831 | 1,482 | 2,729 | 3,814 | 3,929 |
| Breoiteacht shuntasach leanúnach | 93 | 114 | 303 | 588 | 681 |
| Míchumas iolrach | 48 | 85 | 144 | 548 | 703 |
| Corpartha/soghluaisteacht | 175 | 190 | 235 | 398 | 416 |
| Bodhar/lagú éisteachta | 94 | 126 | 173 | 212 | 201 |
| Dall/ar lagamharc | 76 | 65 | 116 | 140 | 160 |
| Cineálacha míchumais eile (lena n-áirítear NEA/NHEA, NSU (Neamhord de chuid Speictream an Uathachais )), Riochtaí Meabhairshláinte ) | 46 | 62 | 496 | 1,067 | 1,323 |
| **Iomlán** | **1,363** | **2,124** | **4,196** | **6,767** | **7,413** |


## A.6 Foghlaimeoirí páirtaimseartha agus solúbtha

Céatadán measta na mac léinn ardoideachais go léir a bhí páirteach ar bhonn páirtaimseartha/solúbtha, 2006–2012



## A.7 Iontrálaithe breisoideachais

### Céatadán na mac léinn ag gabháil d'ardoideachas trí cháilíocht, 2009–2013




Is meastachán iad na sonraí seo ar chéatadán na mac léinn a bhíonn ag gabháil d'ardoideachas trí cháilíocht bhreisoideachais. Tá siad bunaithe ar shonraí POI ar líon agus céatadán na n-áiteanna foriomlána san ardoideachas ar ghlac iarratasóirí leo nuair a rinneadh áit a thairiscint ar bhonn a dtorthaí dámhachtana ó CDBO/CCÉ.

## A.8 Cé na hábhair ar a ndéanann mic léinn ó na spriocghrúpaí staidéar?

### A.8.1 Réimse staidéir na spriocghrúpaí

| Réimse staidéir | Spriocghrúpaí socheacnamaí ocha | Mic léinn lánfhásta | Mic léinn faoi mhíchumas | An daonra ginearálta mac léinn |
|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht agus Tréidliacht | 1% | 1% | 3% | 2% |
| Oideachas | 3% | 2% | 2% | 3% |
| Innealtóireacht, Déantúsaíocht agus Foirgníocht | 11% | 9% | 11% | 11% |
| Cláir Ghinearálta* | 1% | 0% | 0% | 0% |
| Sláinte agus Leas | 14% | 25% | 13% | 14% |
| Daonnachtaí agus Ealaíona | 19% | 20% | 24% | 19% |
| Eolaíocht, Matamaitic agus Ríomhaireacht | 18% | 17% | 19% | 18% |
| Seirbhísí | 10% | 7% | 7% | 7% |
| Eolaíochtaí Sóisialta, Gnó agus Dlí | 25% | 19% | 21% | 24% |
| | 100% | 100% | 100% | 100% |

s Cláir Ghinearálta iad cúrsaí litearthachta, uimhearthachta agus forbartha pearsanta.

Tá na figiúirí sa dá thábla seo tógtha ó shonraí an ÚAO ó CFML agus baineann siad le hiontrálaithe nua lánaimseartha fochéime (gach aois) le haghaidh 2012/13 agus 2013/14. D'fhéadfadh comhaireamh dúbailte tarlú i gcásanna áirithe mar gheall ar chuimsiú mac léinn lánfhásta, mar sin ba chóir glacadh leis na céatadáin mar chomhartha ar threochtaí.

### A.8.2 Socio-economic groups and selected undergraduate subjects

| | Ábhair roghnaithe | | | | | Gach ábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa socheacnamaíoch** | *Leigheas / Fiaclóireacht* | *Cógaisíocht* | *Leigheas Tréidliachta* | *Dlí** | *Oiliúint Múinteoirí** | |
| Fostóirí agus bainisteoirí | 18% | 14% | 26% | 28% | 27% | 21% |
| Gairmí níos airde | 44% | 25% | 19% | 23% | 8% | 13% |
| Gairmí níos ísle | 13% | 10% | 10% | 11% | 15% | 11% |
| Oibrithe neamhláimhe | 7% | 10% | 7% | 11% | 8% | 12% |
| Oibrithe oilte láimhe | 3% | 8% | 4% | 8% | 10% | 13% |
| Oibrithe leathoilte/neamhoilte agus talmhaíochta | 4% | 6% | 6% | 8% | 9% | 13% |
| Oibrithe a gcuntais féin | 5% | 11% | 1% | 6% | 9% | 9% |
| Feirmeoirí | 7% | 14% | 25% | 5% | 16% | 8% |
| | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100 |

** Ní chuimsíonn an Dlí ach cúrsaí fochéime sa dlí atá ceadaithe ag Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath.*

** Ní chuimsíonn Oideachas Múinteoirí ach cúrsaí fochéime i gcoláistí oiliúna múinteoirí a mbíonn cáilíocht sa bhunmhúinteoireacht mar thoradh orthu.*

ACE (An tIonad um Oideachas Aosach Leanúnach, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)

# B

## Aguisín B: Próiseas Comhairliúcháin

# AGUISÍNÍ



## Daoine agus eagraíochtaí óna bhfuaireamar aighneachtaí*

AHEAD (An Cumann um Theacht ar Ardoideachas agus Míchumas)

AONTAS (Eagraíocht Náisiúnta Foghlama Aosaí)

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Cudmore, Pauline

DeafHear

Cónaidhm na hÉireann um Míchumas

Snáithe CARBÁC (Comhghuaillíocht Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath) um Rannpháirtíocht a Leathnú

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Dunphy, Anne

Fitzgerald, An tOllamh Desmond

Fleming, An tUas Brian

Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo

Impact

Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach

Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht

Institiúidí Teicneolaíochta Éireann

Comhghuaillíocht na hÉireann um Chearta na nDall

Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

Cumann Ollscoileanna Éireann

Comhlíonraí (Mic Léinn Lánfhásta Éireann; Líonra Oibre Comhairleoirí Míchumais; Teacht á Chur ar Fáil)

Tacaíocht agus Oiliúint Ollscoile na nÍosagánach

Kelly-Blakeny, an Dr. Eileen

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

Coláiste Mhuire Gan Smál

Ollscoil Mhá Nuad

Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí

An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh

O'Leary, Pamela, Pobalscoil Thraolaigh Mhic Shuibhne, Cathair Chorcaí

Pavee Point

Pobal

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Grúpa Rehab

Coláiste Rosa, An Sciobairín, Co. Chorcaí

Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn

Comhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas Teoranta

Coláiste Oideachais Naomh Angela, Sligeach

Meánscoil San Doiminic, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10

Naomh Uinseann de Pól

An tIonad um Imeascadh

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Treoir/An Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí atá in nDéagóirí

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Ollscoil Luimnigh

*D'iarr daoine/dreamanna áirithe a sheol aighneachtaí chugainn nach luafaí a n-ainmneacha.

## Daoine agus eagraíochtaí ar bhuaileamar leo mar chuid den phróiseas comhairliúcháin

ACE (An tIonad um Oideachas Aosach Leanúnach, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)

AONTAS

Comhpháirtíocht Bhaile Formaid/Shéipéal Iosóid

OCBÁC sa Phobal

Downes, an Dr. Paul (Coláiste Phádraig, Droim Conrach)

Institiúid Breisoideachais Dhún Laoghaire

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Tacaíocht agus Oiliúint Ollscoile na nÍosagánach

Coláiste Breisoideachais Chill Easra

Oideachas Aosach Loreto i gCromghlinn

One Family

Pobal

Naomh Uinseann de Pól

An Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí atá in nDéagóirí



C

Aguisín C: Gluais téarmaí

# AGUISÍNÍ

| | |
|---|---|
| Oifig/seirbhís teachta | Aonad nó oifig(í) i ngach aon institiúid ardoideachais a dhéanann comhordú ar phleanáil agus soláthar cláir réamh-iontrála agus iar-iontrála a dhíríonn ar theacht agus rannpháirtíocht mhéadaithe mac léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch, mac léinn lánfhásta, mac léinn faoi mhíchumas agus na mac léinn ó ghrúpaí eile faoi ghanníonadaíocht. |
| Dearbhú Bologna | Bhí Dearbhú Bologna comhaontaithe ag na ballstáit in 1999 chun Limistéar Eorpach Ardoideachais (LEA) a chruthú. Ó 2001, táthar ag díriú ar an ngné teachta/shóisialta den ardoideachas.<br><br>Féach ar www.pl4sd.eu |
| FLG | *Forbairt Leanúnach Ghairmiúil*<br><br>Cothabháil, feabhsú agus leathnú córasach eolais agus scileanna, chomh maith le forbairt cáilíochtaí pearsanta atá riachtanach chun dualgais ghairmiúla agus theicniúla a chur i gcrích ar feadh shaol oibre cleachtóra. |
| POS | *An Phríomh-Oifig Staidrimh*<br><br>Gníomhaireacht a bhailíonn agus a dhéanann anailísiú ar shonraí daonra agus eile tríd an daonáireamh náisiúnta agus suirbhéanna eile. |
| BTMO | *Bealach Teachta Míchumais ar Oideachas*<br><br>Scéim iontrálacha ardoideachais a thairgeann áiteanna trí phointí laghdaithe LOI (CAO) do lucht fágála scoile faoi mhíchumas. |
| DEIS | *Comhdheis a Sholáthar sna Scoileanna*<br><br>Ionstraim pholasaí den Roinn Oideachais agus Scileanna a dhíríonn ar mhíbhuntáiste oideachais trí thosaíocht a dhéanamh de riachtanais oideachais na bpáistí agus daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste trí thacaíocht fheabhsaithe do bhunscoileanna agus meánscoileanna ainmnithe. |
| ROS | *An Roinn Oideachais agus Scileanna*<br><br>Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna an roinn Rialtais atá freagrach as gach leibhéal oideachais agus oiliúna. |
| SRC | *Suirbhé ar Rochtain Chothrom*<br><br>Suirbhé bliantúil an ÚAO ar chúlra socheacnamaíoch, stádas míchumais agus cúlra eitneach/cultúrtha iontrálaithe nua fochéime na chéad bhliana san ardoideachas. Foilsítear anailís achomair ar thorthaí an tsuirbhé gach bliain mar chuid d'fhoilseachán *Príomhfhíricí agus Príomhfhigiúirí* an Údaráis um Ard-Oideachas. |
| COLÓ | Cúram agus Oideachas na Luath-Óige |
| BOO | *Bord Oideachais agus Oiliúna*<br><br>Ó 2013, cuireadh deireadh leis na Coistí Gairmoideachais a bhíodh ann agus cuireadh 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna ina n-áit, agus iad freagrach as bunscolaíocht, meánscolaíocht agus breisoideachas a chur ar fáil ina réigiúin féin, agus as cláir chuí bhreisoideachais agus oiliúna a chur ar fáil i gcomhar le SOLAS. |
| Sprioc an AE le haghaidh 2020 | Spriocanna oideachais mar atá leagtha amach i *Straitéis na hEorpa le haghaidh 2020* (An Coimisiún Eorpach, 2010). |
| An Grúpa Saineolach ar Mhaoiniú d'Ardoideachas Amach Anseo | Grúpa saineolach a bhí ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna chun ceisteanna a aithint maidir le maoiniú fadtéarmach inbhuanaithe an ardoideachais in Éirinn. Beidh an grúpa ag tuairisciú don Aire in 2015. |
| BO | *Breisoideachas*<br><br>Cáilíochtaí oideachais tar éis na meánscolaíochta agus roimh ardoideachas ó Leibhéil 1-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). |
| IB | *Institiúid breisoideachais*<br><br>Institiúid, coláiste nó soláthraí eile cúrsaí leibhéal breisoideachais. |
| CDBO | *Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna*<br><br>An t-iarchomhlacht reachtúil dámhachtana le haghaidh breisoideachais in Éirinn, dream ar ghlac CCÉ lena bhfeidhmeanna in 2012. |

| | |
|---|---|
| CMLM | *Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas*<br><br>Ciste bliantúil atá á bhainistiú ag an ÚAO ar son an ROS le tacú le mic léinn faoi mhíchumas atá ag gabháil d'ardoideachas agus breisoideachas.<br><br>Féach ar http://www.studentfinance.ie/mp9503/f-ilte-go-studentfinance-ie-/index.html |
| AO | *Ardoideachas*<br><br>Oideachas ag ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta, coláistí oiliúna múinteoirí agus roinnt institiúidí oideachais eile ina bhfaightear cáilíochtaí ag leibhéil 6-10 ar an CNC. |
| An tÚdarás um Ardoideachas | *An tÚdarás Ardoideachais*<br><br>Tá freagracht ar an Údarás um Ard-Oideachas ag leibhéal an rialtais lárnaigh as rialachas éifeachtach agus rialáil institiúidí ardoideachais agus an chórais ardoideachais. Ar mhaithe le tacú leis an sainordú seo, cleachtann an ÚAO feidhmeanna maidir le maoiniú, cuntasacht, cáilíocht na dtorthaí, taighde ar pholasaithe agus comhairle don Aire Oideachais agus Scileanna, anailísíocht sonraí agus bainistíocht eolais, cur in iúl luach an ardoideachais agus comhordú an idirghníomhaithe idir comhlachtaí poiblí agus an córas ardoideachais. |
| BTA | *Bealach Teachta ar Ardoideachas*<br><br>Scéim iontrálacha ardoideachais a thairgeann áiteanna trí phointí laghdaithe agus tacaíocht bhreise coláiste do lucht fágála scoile ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch. |
| IA | *Institiúid ardoideachais*<br><br>Ceann amháin de na 7 n-ollscoil, 14 institiúid teicneolaíochta, 7 gcoláiste oideachais nó coláistí eile a thairgeann cáilíochtaí ardoideachais. |
| Intreo | Seirbhís de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a thairgeann pointe aonair teagmhála le haghaidh na dtacaí fostaíochta agus ioncaim go léir.<br><br>Tairgeann Intreo seirbhísí agus tacaí praiticiúla saincheaptha fostaíochta do lucht cuardaigh fostaíochta agus fostóirí araon. |
| ITÉ | *Institiúidí Teicneolaíochta Éireann*<br>Comhlacht ionadaíoch na 14 institiúid teicneolaíochta in Éirinn. |
| COÉ | *Cumann Ollscoileanna Éireann*<br>Comhlacht ionadaíoch na 7 n-ollscoil agus coláiste ghaolmhara in Éirinn. |
| CFPÁ | *Coiste Forbartha Pobail Áitiúil*<br><br>Coistí a chruthaítear faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar a bhfuil ionadaithe ón údarás áitiúil, comhlachtaí poiblí a chuireann seirbhísí ar fáil sa cheantar agus sainleasanna/comhlachtaí pobail áitiúil. |
| Iontrálaí lánfhásta | Mac léinn lánfhásta atá 23 bliain d'aois nó níos sine ar 1 Eanáir i mbliain an iarratais ar iontráil i gclár ardoideachais ag leibhéal 6 go 8. |
| Meantóireacht | Caidreamh forbraíochta ina gcabhraíonn duine a bhfuil níos mó taithí nó eolais aige/aici le treoir a thabhairt do dhuine nach bhfuil an oiread céanna taithí nó eolais aige/aici. |
| An Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim | Fóram chun taighde agus forbairt a dhéanamh ar pholasaí agus cleachtas ar theagasc agus foghlaim san ardoideachas, agus chun cáilíocht an eispéiris foghlama a fheabhsú do na mic léinn go léir ag an tríú leibhéal.<br><br>Féach ar www.teachingandlearning.ie |
| CNC | *An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí*<br><br>Córas deich leibhéal (1–10) a chuireann luach acadúil nó gairme ar cháilíochtaí a fhaightear in Éirinn. |
| Oideachas páirtaimseartha | Clár ardoideachais a bhfuil luach níos lú ná 60 creidmheas ag baint leis in aghaidh na bliana acadúla |
| Ráta rannpháirtíochta | Comhréir na ndaoine ó ghrúpa áirithe daonra/aoise a ghabhann d'ardoideachas in aon bhliain ar leith. Má tá eolas níos mionsonraithe uait, féach ar Aguisíní A.1. agus A.2. |

| | |
|---|---|
| Ráta dul chun cinn | Comhréir na mac léinn a n-éiríonn leo dul chun cinn ón gcéad go dtí an dara bliain de chlár staidéir fochéime. |
| DCCÉ | *Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann*<br><br>Gníomhaireacht stáit a choinníonn an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí agus a chuireann dearbhú cáilíochta ar fáil le haghaidh an bhreisoideachais agus an ardoideachais in Éirinn. |
| Líonra REAL | Líonra daoine atá ag déanamh taighde ar chomhionannas, rochtain agus foghlaim ar feadh an tsaoil. |
| Braislí réigiúnacha | Braislí réigiúnacha institiúidí ardoideachais, breisoideachais agus Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) a bhunaítear le comhoibriú ar chur i bhfeidhm na *Straitéise Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030.* |
| Ráta coinneála | Comhréir na mac léinn a ghabhann do chlár ardoideachais ar éirigh leo gach bliain den chúrsa sin a chríochnú go rathúil agus céim a bhaint amach taobh istigh de thréimhse ama shainithe – mar shampla, i gcás clár ceithre bliana, taobh istigh de chúig bliana. |
| SLDA | *Samhail Leithdháilte Deontais Atréimhsigh*<br><br>Samhail chun an deontas bliantúil atréimhseach chun institiúidí an ÚAO a mhaoiniú a leithdháileadh. |
| AFRS | *Aitheantas d'Fhoghlaim Roimhe Seo*<br><br>Aithint agus bailíochtú foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta mar bhealach le riachtanais iontrála ardoideachais a chomhlíonadh. |
| CCML | *Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn*<br><br>Ciste a chuireann cúnamh airgeadais ar fáil do mhic léinn ardoideachais lánaimseartha a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastal ar choláiste.<br><br>Féach ar http://www.studentfinance.ie/mp9503/f-ilte-go-studentfinance-ie-/index.html |
| GS | *Grúpa socheacnamaíoch*<br><br>Tá daonra na hÉireann aicmithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh de réir deich ngrúpa shocheacnamaíocha. Tá na catagóirí seo bunaithe ar liostaí níos mionsonraithe de ghairmeacha in éineacht le stádas fostaíochta. |
| Míchumas céadfaíoch | Míchumas céadfaí (amharc, éisteacht). |
| SOLAS | *An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna*<br><br>Is é SOLAS an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as cláir oiliúna agus breisoideachais a mhaoiniú, a phleanáil agus a chomhordú. |
| CTML | *SClár Taifead na Mac Léinn*<br><br>Córas an Údaráis um Ard-Oideachas chun sonraí mac léinn a bhailiú agus a anailísiú. Bíonn na sonraí seo curtha ar fáil ag gach institiúid ardoideachais don Údarás um Ard-Oideachas mar chuid de thuairisceán bliantúil staidreamh mac léinn. |
| TCMLÉ | *Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn*<br><br>Údarás dámhachtana le haghaidh na ndeontas ardoideachais agus breisoideachais go léir. |
| Leasú Aistrithe | Tionscnamh de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas, an ROS agus páirtithe leasmhara eile d'fhonn an t-aistriú ó oideachas dara leibhéal go hardoideachas in Éirinn a fheabhsú. |
| Dearadh Uilíoch | Is ionann Dearadh Uilíoch agus dearadh/comhdhéanamh timpeallachta ionas gur féidir leis an oiread daoine agus is féidir teacht uirthi, tuiscint a fháil uirthi agus í a úsáid, gan beann ar a n-aois, a méid nó a míchumas. |

# An Plean Náisiúnta **um Chothromas Teachta** ar Ardoideachais, 2015-2019




EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

HEA
HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS